Foras na Gaeilge

Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2018

Dáta	**Lch**
19 Eanáir	2
23 Feabhra	5
13 Aibreán	9
18 Bealtaine	15
22 Meitheamh	27
20 Iúil	35
14 Meán Fómhair	40
2 Samhain	44
7 Nollaig	51

Miontuairiscí ón 161ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 19 Eanáir 2018 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, S. Ní Chéidigh agus M. Farrell.

Leithscéal: S. M. Ó Domhnaill, S. Ó Coistealbha agus N. Ó Gallochobhair.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.161 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 8 Nollaig 2017 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoi na miontuairiscí Boird ar líne agus míníodh go raibh sé mar sprioc go mbeadh na miontuairiscí i nGaeilge agus na cinntí i mBéarla cothrom le dáta faoi dheireadh ráithe 1. Iarradh na cinntí ar fad a dhéantar ag cruinnithe Boird a shonrú sna miontuairiscí mar chur chuige nua feasta.

02.161 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon choimhlint leasa le nochtadh ag aon duine ach ní raibh aon choimhlint leasa le nochtadh. Rinne an Príomhfheidhmeannach tagairt don fhoirm um nochtadh leasa agus mhínigh sé do chomhaltaí go mbeadh an fhoirm le leasú le linn na bliana sa chás go n-athródh cúinsí.

03.161 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Iarradh moltaí don Choiste Téarmaíochta agus do Choiste Chlár na Leabhar Gaeilge a chur ar aghaidh chuig oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Tugadh uasdátú ar oscailt oifigiúil an cheannárais nua a bhí beartaithe don 30 Eanáir.

04.161 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim don Dá Chultúrlann ó Thuaidh.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
An Gaeláras	1701046	£336,000	£336,000 *(€373,333)*
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	1701050	£336,000	£336,000 *(€373,333)*

Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim Cholmcille.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
An Gaeláras	CC17010	£6,240	£5,000 *(€5,747)*

Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ar an chruinniú de Choiste na nDeontas.

Mhol an Coiste cuireadh a chur ar ionadaithe ón dá Chultúrlann cur i láthair a dhéanamh don Bhord maidir leis an dóigh a bhfuil siad ag dul i bhfeidhm ar an phobal.

Cinntí:
Chinn an Bord £336,000 a chur ar fáil don Ghaeláras agus £336,000 do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich faoi Scéim don Dá Chultúrlann ó Thuaidh.
Chinn an Bord £5,000 a chur ar fáil don Ghaeláras don togra 'Droichead' faoi Scéim Cholmcille.
Chinn an Bord go mbeidh cruinniú Boird ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich ar 23 Feabhra agus cruinniú Boird i gCultúrlann Uí Chanáin (An Gaeláras) i mí na Bealtaine, agus cuireadh a chur ar ionadaithe ón dá Chultúrlann cur i láthair a dhéanamh ag an dá chruinniú.

Coiste Iniúchta
Cuireadh in iúl go raibh cruinniú ag an Choiste ar 15 Eanáir ag ar pléadh agus ar líonadh isteach ceistneoir an Iniúchóra Inmheánaigh faoi 'Éifeachtúlacht an Choiste Iniúchta'. Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ar an chruinniú den Choiste Iniúchta.

Glacadh leis an leagan is déanaí den Chlár Rioscaí.

Coiste Osradhairc
Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ar an chruinniú den Choiste Osradhairc. Míníodh go raibh moladh le déanamh don Bhord inniu maidir le Cathaoirligh nua na gCoistí Boird, agus i mí Feabhra maidir le ballraíocht nua na gCoistí. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh na coistí le hathrú go débhliantúil, de réir na mBuan-Orduithe, agus gur tugadh cuireadh do chomhaltaí moltaí a chur ar fáil dó i mí na Nollag 2017. Aontaíodh:

(i) go scaipfí teimpléad maidir le ballraíocht na gcoistí;
(ii) go gcuirfeadh na comhaltaí 3 rogha in iúl in ord tosaíochta ar ríomhphost chuig an Chathaoirleach faoin Aoine 26 Eanáir; agus
(iii) nach mbeadh coiste ar a raibh siad faoi láthair mar Rogha 1.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh gá le seisiún eile oiliúna a reáchtáil don Bhord go luath. Aontaíodh go mbeadh an seisiún ar siúl Déardaoin 22 Feabhra idir 6.00pm agus 8.00pm i mBéal Feirste agus go mbeadh aistriúchán comhuaineach go Gaeilge ar fáil dó.

05.161 RÁITEAS CAITEACHAIS Ó 1 EANÁIR GO 31 NOLLAIG 2017
Scaipeadh cóip de cháipéis a thug míniú ar na fuílligh bainc agus bhí plé ina leith. Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2017 agus ghlac siad leis.

06.161 DRÉACHTPHLEAN GNÓ 2018
Pléadh Dréachtphlean Gnó 2018 agus míníodh nach raibh an treoir tagtha ó na ranna urraíochta ina leith. Ghlac an Bord le Dréachtphlean Gnó 2018.
07.161 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

08.161 CUR I LÁTHAIR
Tháinig Eagarthóir Sinsearach Fhoras na Gaeilge i láthair an chruinnithe agus rinne sé cur i láthair ar obair foilsitheoireachta Fhoras na Gaeilge. Ghabh an Bord buíochas leis as an chur i láthair a dhéanamh agus d'fhág sé an cruinniú.

09.161 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ghnó eile le plé.

_____
Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
23 Feabhra 2018

Miontuairiscí ón 162ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 23 Feabhra 2018 i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, N. Ó Gallochobhair agus S. Ní Chéidigh.

Leithscéal: S. M. Ó Domhnaill agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Chuir S. Ó Muireagáin, Cathaoirleach Aisling Ghéar, fáilte roimh an Bhord chuig an Chultúrlann.

01.162 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 19 Eanáir 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Aontaíodh go leasófaí leathanach 2 lena léiriú go raibh na coistí le 'hathbhreithniú' go débhliantúil seachas le 'hathrú', de réir na mbuanorduithe.

02.162 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige féin maidir le Scéim Scoláireachtaí 2018, chuir B. Ó Muirí in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige féin maidir le Scéim na nOifigeach 2018-2020, agus chuir B. Ní Chofaigh in iúl go raibh baol coimhlint leasa aicise i gcás aon phlé ar Bhliain na Gaeilge 2018.

03.162 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

D'aontaigh an Bord urraíocht de £1,750 a chur ar fáil don Droichead i mBéal Feirste le haghaidh ócáid a bheidh ar siúl le linn Seachtain na Gaeilge.

04.162 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuaigh B. Ó Muirí sa chathaoir. Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim Scoláireachtaí 2018, agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	Uimhir thag.	Méid lorgtha	Méid molta
Gael Linn	1801002	€24,864	€24,864
Conradh na Gaeilge	1801003	€35,100	€35,100
Cumann an Phiarsaigh	1801004	€10,000	€10,000
Cumann na bhFiann	1801005	€10,560	€10,560

D'fhill an Cathaoirleach ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís. D'fhág B. Ó Muirí an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa.

Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge 2018-2020 agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Comhairle Cathrach Bhéal Feirste	1801001.01	£47,774.50	2018 - £14,658.50 2019 - £14,925 2020 - £15,191 Iomlán -£47,774.50
Comhairle Cathair Dhoire agus an tSratha Báin	1801001.02	£47,774.50	2018 - £14,658.50 2019 - £14,925 2020 - £15,191 Iomlán -£47,774.50
Comhairle Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí	1801001.03	£47,774.50	2018 - £14,658.50 2019 - £14,925 2020 - £15,191 Iomlán -£47,774.50
Comhairle Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí	1801001.04	£47,774.50	2018 - £14,658.50 2019 - £14,925 2020 - £15,191 Iomlán -£47,774.50

D'fhill B. Ó Muirí ag an phointe seo. Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú de Choiste na nDeontas ar 12 Feabhra. Nótáladh an tuairisc ar na ceardlanna feasachta.

Cinntí:
Chinn an Bord €24,864 a chur ar fáil do Ghael Linn, €35,100 do Chonradh na Gaeilge, €10,000 do Chumann an Phiarsaigh agus €10,560 do Chumann na bhFiann faoi Scéim Scoláireachtaí 2018.

Chinn an Bord £47,774.50 a chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, £47,774.50 do Chomhairle Cathair Dhoire/an tSratha Báin agus £95,549 do Chomhairle Fhear Manach agus Cheantar na hÓmaí faoi Scéim na nOifigeach Gaeilge 2018.

Cinneadh go ndéanfaí ainmneacha na gcomhaltaí a mhol cinntí agus a chuidigh leo a thaifeadadh i miontuairiscí na gcoistí éagsúla feasta.

Coiste Iniúchta
Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú den Choiste Iniúchta ar 20 Feabhra. Nótáil an Bord gur phléigh an Coiste comhairle an Iniúchóra Inmheánaigh ar an Phríomhfheidhmeannach i leith mhaoiniú Bhliain na Gaeilge. Pléadh an clár rioscaí agus ghlac an Bord leis. Pléadh tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh i leith Córais Féichiúnaithe Fhoras na Gaeilge. Aontaíodh go gcuirfí fiacha a bhaineann le díolachán leabhar ar an chlár rioscaí.

Ardaíodh ceist faoi na córais agus próisis maidir le calaois a bhí i bhfeidhm, agus iarradh ar an fheidhmeannas athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar na córais agus próisis lena a chinntiú go raibh siad á gcur i bhfeidhm go héifeachtach.

Coiste Osradhairc
Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú den Choiste Osradhairc ar an 9 Feabhra 2018. Pléadh an moladh a bhí déanta ag an Choiste maidir le ballraíocht na gcoistí éagsúla. Ardaíodh ceist faoi bhaill sheachtracha agus aontaíodh go mbeadh moltaí ann don chéad chruinniú Boird eile. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht na gcoistí, agus cuireadh in iúl go raibh na coistí nua ag feidhmiú ón lá sin ar aghaidh. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh seisiún ionduchtaithe ann do na Cathaoirligh nua go luath.

Coiste Cholmcille
Tugadh cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú de Choiste Cholmcille ar an 2 Feabhra. Cuireadh in iúl go raibh iarratas faighte ach nach raibh scéim ann dó, agus go mbreathnófaí ar an iarratas. Iarradh soiléiriú maidir le féidearthachtaí maoinithe taobh amuigh de scéimeanna agus d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach go gcuirfí eolas ar fáil ag an chéad chruinniú Boird eile maidir le hurraíocht agus le hiarratais aon-uaire a thiteann taobh amuigh de chritéir na scéimeanna. Ardaíodh ceist faoi thacaíocht Scéimeanna Cholmcille taobh amuigh d'Éirinn agus Albain.

Aontaíodh plé leis an Dr. B. Lacey maidir le seirbhís comhairliúcháin a bheith ar fáil do Choiste Cholmcille i leith Comóradh Cholmcille 2020/2021.

05.162 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 EANÁIR 2018
Phléigh an Bord an ráiteas caiteachais go 31 Eanáir 2018 agus míníodh nach raibh maoiniú Bhliain na Gaeilge san áireamh go fóill. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais. Ghlac an Bord leis an liosta ceangaltas agus le liosta na ndeontas díscríofa.

06.162 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

07.162 PLEAN GNÓ 2018 AGUS PLEAN CORPARÁIDEACH 2017-2019
Pléadh Plean Gnó 2018 agus Plean Corparáideach 2017-2019. I measc na moltaí a rinneadh bhí cumarsáid éifeachtach, comhoibriú leis na Ceanneagraíochtaí, dúbailt oibre le seachaint, níos mó deiseanna agus tacaíochta do dhaoine fásta, caidreamh le cothú le grúpaí seachtracha srl. Aontaíodh go gcuirfí tuairisc ar fáil ar na moltaí. Ghlac an Bord le Plean Gnó 2018 agus le Plean Corparáideach 2017-19.

08.162 CUR I LÁTHAIR
Tháinig A. Ní Labhraí, Bainisteoir na Cultúrlainne, i láthair an chruinnithe agus rinne sí cur i láthair ar an dóigh a bhfuil an Chultúrlann ag dul i bhfeidhm ar an phobal. Ghabh an Bord buíochas léi as an chur i láthair a dhéanamh agus d'fhág sí an cruinniú.

09.162 PLÉ AR THIONCHAR IONAID GHAEILGE
Cuireadh an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú eile.

09.162 AON GHNÓ EILE
Ní raibh aon ghnó eile le plé.

_____
Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
13 Aibreán 2018

Miontuairiscí ón 163ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 13 Aibreán 2018 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. M. Ó Domhnaill, S. Ó Coistealbha, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, M. Ní Neachtain, N. Ó Gallochobhair, S. Ní Chéidigh agus M. Farrell.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach) agus S. Ó hArgáin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomh-fheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.163 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Iarradh go leasófaí na miontuairiscí lena léiriú gur glacadh vóta maidir le ballraíocht athbhreithnithe na gcoistí Boird. Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 23 Feabhra 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

Rinne an Leas-Phríomhfheidhmeannach, E. Ní Chorráin cur i láthair ar na córais agus na próisis atá i bhfeidhm le cosaint in aghaidh calaoise. Scaipeadh cóip den ráiteas calaoise mar eolas don Bhord.

02.163 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir M. Ní Neachtain in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici maidir le Scéim na bhFéilte agus chuir B. Ní Chofaigh in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici i gcás aon phlé a bhainfeadh le Conradh na Gaeilge nó Bliain na Gaeilge.

03.163 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Rinneadh tagairt don phlean 'Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027' a seoladh mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Tugadh briseadh síos ar an €178 milliún don Ghaeltacht, don Ghaeilge agus do na hOileáin. Léiríodh imní nach raibh tagairt ar bith d'Fhoras na Gaeilge sa phlean, agus faoi na castachtaí a bhain leis na socruithe cómhaoinithe thuaidh theas don Fhoras Teanga. Tugadh suntas don €13 milliún chun tacú leis na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhísí Gaeltachta. Aontaíodh go ndéanfaí cur i láthair don Bhord ar Líonraí Gaeilge agus Bailte Seirbhísí Gaeltachta ag an chéad chruinniú Boird eile. Bhí plé ann maidir leis an rún a bhí os comhair an tseanaid maidir le cúrsaí Gaeilge agus na tagairtí d'Fhoras an Gaeilge.

Pléadh an moladh maidir le ballraíocht an Choiste Téarmaíochta. Aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an mholadh le cothromaíocht inscne idir fir agus mná a chur san áireamh agus go gcuirfí moladh athbhreithnithe faoi bhráid an Bhoird. Pléadh ócáid seolta Scoláireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha ar an 3 Bealtaine. Moladh go ndéanfaí athbhreithniú ar na dálaí a bhain leis an scoláireacht in 2020.

04.163 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas, tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 23 Márta. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis na téarmaí tagartha agus leis an sceideal cruinnithe do 2018 agus gur roghnaíodh Leas-Chathaoirleach.

D'fhág M. Ní Neachtain an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim na bhFéilte 2018 don tréimhse Eanáir go Bealtaine 2018, agus glacadh leis (**Aguisín 1).**

Rinne an Coiste moladh maoiniú a chur ar fáil do dhá iarratas ar Scéim na bhFéilte atá ag fáil maoiniú cheana féin ó scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge, agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
An Gaeláras	1801007.02	£3,500	£1,925
Club Óige Mhic Reachtain	1801007.05	£3,500	£2,135

Ardaíodh ceist faoin Navan Choral Festival agus iarradh go molfaí dóibh teagmháil a dhéanamh le Cór Ráth Chairn. Iarradh níos mó poiblíochta a dhéanamh ar na féilte ar na meáin shóisialta chun an dea-scéal a scaipeadh i measc an phobail.

D'fhill M. Ní Neachtain ag an phointe seo.

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná €1,800 a chur ar fáil do Leabhar Breac faoi Scéim Cholmcille agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Leabhar Breac	CC17005.6	€1,800	€1,800

Cinntí:

Chinn an Bord €47,976 a chur ar fáil do na hiarratais faoi Scéim na bhFéilte 2018 (ina n-áirítear £1,925 don Ghaeláras agus £2,135 do Chlub Óige Mhic Reachtain).

Chinn an Bord €1,800 a chur ar fáil do Leabhar Breac faoi Scéim Cholmcille.

An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha uasdátú ar chruinniú an 9 Aibreán. Cuireadh in iúl gur roghnaíodh Leas-Chathaoirleach, gur glacadh leis na téarmaí tagartha, agus gur pléadh moltaí an Bhoird ar an Phlean Straitéiseach agus ar an Phlean Corparáideach. Míníodh nár ceapadh aon chomhlacht ón chéad ghlaoch ar thairiscintí le tabhairt faoin luacháil ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta, agus go raibh an dara glaoch déanta, agus súil ann go dtosódh an obair roimh an samhradh. Míníodh gur pléadh tuairisc ar chur chuige Fhoras na Gaeilge i leith iarratais ar urraíocht.

Coiste Iniúchta
Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 23 Márta. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis na téarmaí tagartha, leis an sceideal cruinnithe do 2018, agus gur phléigh an Coiste tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh ar Éifeachtúlacht an Choiste Iniúchta. Cuireadh siar roghnú Leas-Chathaoirligh ar an ábhar go raibh cuid de na baill as láthair. Míníodh go raibh moladh déanta ag an iniúchóir inmheánach de réir an dea-chleachtais, go raibh dualgas ar Chathaoirleach gach Coiste Boird tuairisc maidir le feidhmiú bhaill an Choiste a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird. Baineann an moladh seo le gach Coiste Boird. Chuir sí in iúl go mbeadh seisiún ionduchtaithe le reáchtáil don Choiste go luath agus go raibh ainmniúcháin tugtha don Choiste Osradhairc do bheirt bhall sheachtracha don Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl gur pléadh an clár rioscaí, an ráiteas dearbhúcháin ráithiúil, agus an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais, agus moladh don Bhord glacadh leo.
Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí, an ráiteas dearbhúcháin agus an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais.

Coiste Osradhairc
Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 22 Márta 2018. Cuireadh in iúl gur roghnaíodh Leas-Chathaoirleach, agus go raibh gradam Infheisteoirí i nDaoine bainte amach ag Foras na Gaeilge. Míníodh go raibh eolas le scaipeadh ar Chathaoirligh na gcoistí maidir le coimhlint leasa na mball éagsúil. Míníodh gur pléadh dhá ainmniúchán: R. Mac Pháidín agus R. Mac Fhionnlaoich, mar bhaill sheachtracha ar an Choiste Iniúchta. Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideach, S. Ó hEidhin, eolas faoin bheirt agus ghlac an Bord leis an dá ainmniúchán. Míníodh go raibh É. Ó Murchú agus E. Murtagh á moladh mar bhaill sheachtracha ar an Choiste Achomhairc agus ghlac an Bord leis an dá ainmniúchán sin.

D'fhág B. Ní Chofaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.
Bhí plé ar Bhliain na Gaeilge. Ardaíodh ceist faoi mhaoiniú Bhliain na Gaeilge agus iarradh dearbhú arís gur maoiniú breise a bhí i gceist. Thug an Príomhfheidhmeannach dearbhú gur maoiniú breise a bhí i gceist agus go raibh sé imfhálaithe. Rinneadh tagairt do na heagraíochtaí éagsúla atá ag plé le rince Gaelach agus moladh teagmháil a dhéanamh leo.

D'fhill B. Ní Chofaigh ag an phointe seo.

Coiste Cholmcille
Thug Cathaoirleach Choiste Cholmcille tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 29 Márta. Cuireadh in iúl gur nótáil an Coiste na téarmaí tagartha gan aon leasú agus d'aontaigh siad an sceideal cruinnithe go deireadh 2018. Cuireadh siar roghnú Leas-Chathaoirligh ar an ábhar go raibh cuid de na baill as láthair. Cuireadh in iúl gur pléadh comóradh Cholmcille 2020 agus an meamram tuisceana.

05.163 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 MÁRTA 2018
Pléadh an ráiteas caiteachais agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh airgeadais de. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Márta 2018.

06.163 COMHFHREAGRAS
Ní raibh aon ní le plé faoin mhír seo.

07.163 CUR I LÁTHAIR AR IONAID GHAEILGE
Rinne an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar ionaid Ghaeilge agus bhí plé ina dhiaidh. Aontaíodh go scaipfí an cur i láthair ar an Bhord mar eolas agus iarradh moltaí breise a chur ar fáil ina leith.

08.163 CUR I LÁTHAIR AR THUARASCÁIL AN PHRÍOMHCHIGIRE
Rinne an Leas-Phríomhfheidhmeannach cur i láthair ar thuarascáil an Phríomhchigire Oideachais agus Scileanna ó dheas, agus bhí plé ina dhiaidh.

09.163 SEISIÚN GAN AN FEIDHMEANNAS
Bhí seisiún ag an Bhord gan an feidhmeannas i láthair.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2018

Aguisín 1

Scéim na bhFéilte 2018 –
(Eanáir go Bealtaine)

Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Contae	Marc Faighte %	Méid Iarrtha €	Méid Molta €	Méid Iarrtha £	Méid Molta £stg
Alliance Francaise	Franco-Irish Literary Festival	Baile Átha Chliath	67%	3,000	2,010		
An Gaeláras	Féile na Gaeilge	Doire	55%			£3,500	£ 1,925.00
Áras Éanna	Féile an Phobail - Inis Oírr	Gaillimh	73%	€5,000	€3,650		
Club Óige Mhic Reachtain	Gafa	Béal Feirste	61%			£3,500	£2,135.00
Consairtín	Consairtín	An Chláir	64%	€2,500	€1,600		
Club Óige Rann na Feirste	Féile Dheireadh Seachtaine na Gaeilge	Dún na nGall	64%	€1,686	€1,079		
Cumann Merriman	Scoil Gheimhridh Merriman		73%	€5,000	€3,650		
Éigse na Brídeoige	Éigse na Brideoige	Ciarraí	52%	€5,000	€2,600		
Éigse Cholm Cille	Éigse Cholm Cille	Doire	73%			£3,500	£2,555.00
Feile Scoildrámaíochta Uladh	Féile Scoildrámaíocht Uladh	Dún na nGall	66%	€2,500	€1,650		
Féíle na Bealtaine	Féile na Bealtaine	Ciarraí	58%	€5,000	€2,900		
Féíle na Tána	Féile na Tána	An Lú	52%	€5,000	€2,600		
Five Lamps Arts Festival	Five Lamps Arts Festival	Baile Átha Chliath	52%	€5,000	€2,600		
Galway Arts Centre Limited	Féile Idirnáisiúnta na Cúirte	Gaillimh	70%	€4,825	€3,377		
Gaeilge Loch Riach	Féile Raifteirí	Gaillimh	64%	€3,500	€2,240		

Galway Theatre Festival	Féile Amharclannaíocht na Gaillimhe	Gaillimh	70%	€5,000	€3,500		
Navan Choral Festival	Navan Choral Festival	Co. na Mí	73%	€3,000	€2,190		
Sligo Feis Ceoil	Sligo Feis Ceoil	Sligeach	52%	€4,000	€2,080		
Waterford County Festival of Food	Féile Bia Iarthar Phort Láirge	Port Láirge	58%	€5,000	€2,900		
					€40,626		£6,615 (€7,350)
				Costas Iomlán	**€47,976**		

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 164ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 18 Bealtaine 2018 i gCultúrlann Uí Chanáin, Doire.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, C. McGuinness, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, S. Ní Chéide agus M. Farrell.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh, G. McElwain, S. Ó hArgáin, M. Ní Neachtain agus S. Ó Coistealbha.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Chuir D. Ó Mocháin, Cathaoirleach Chultúrlann Uí Chanáin fáilte roimh an Bhord chuig an Chultúrlann.

Thug an Bord ómós do S. Mac Donncha, iar-Phríomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus iar-Chathaoirleach an Bhoird, a fuair bás ar 20 Bealtaine 2016.

01.164 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 13 Aibreán 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Tugadh uasdátú maidir leis an Choiste Téarmaíochta agus míníodh go mbeadh fógraíocht le déanamh do na ceapacháin úra, go mbeadh ainmniúcháin le lorg ón Bhord freisin, agus go mbeadh moladh ag teacht faoi bhráid an Bhoird amach anseo.

02.164 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir S. Ní Chéide in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici maidir le Scéim na gComplachtaí Drámaíochta agus chuir M. Ní Chonghaile in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici maidir le Scéim na bhFéilte agus Scéim na gComplachtaí Drámaíochta.

03.164 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Nótáil an Bord an tuairisc maidir le www.tearma.ie

04.164 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas, tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 4 Bealtaine. Cuireadh in iúl gur ghlac an Coiste leis na leasuithe ar na critéir mheasúnaithe do Scéim na dTionscadal Litríochta agus leis na leasuithe ar rialacha Scéim na Foilsitheoireachta.

D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Rinne an Coiste an moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim na bhFéilte 2018 don tréimhse Bealtaine go Samhain 2018 agus glacadh leis (**Aguisín 1).** Míníodh go mbeadh Scéim na bhFéilte 2019 le fógairt i Méan Fómhair i mbliana. Rinneadh tagairt do na 10 n-iarratas a bhí incháilithe ach nach raibh maoiniú

sa buiséad aontaithe faoina gcoinne, agus cuireadh in iúl gur aimsíodh an maoiniú breise sin de €20,783 san athdháileadh.

Rinneadh moladh i leith iarratais eile faoi Scéim na bhFéilte 2018 a bhí ag fáil maoinithe cheana féin ó scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
An Droichead	1801007.24	£3,500	£2,240
Coiste Forbartha Charn Tóchair	1801007.29	£3,520	£2,252
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	1801007.38	£3,500	£2,450
Glór Uachtar Tíre	1801007.46	£3,500	£2,240
Glór na Móna	1801007.47	£3,500	£2,345
Ionad Uíbh Eachach	1801007.48	£1,460	£800

Rinne an Coiste moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2018 agus glacadh leis **(Aguisín 2).**

Cuireadh moladh i leith iarratais eile faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2018 a bhí ag fáil maoinithe cheana féin ó scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
An Droichead	1801013.01	£1,745	£1,745
An Gaeláras	1801013.02	£1,750	£1,750
Cairde Teo	1801013.07	£1,750	£1,750
Cairde Uí Néill	1801013.08	£1,750	£1,750
Coiste Forbartha Charn Tóchair	1801013.24	£1,750	£1,750
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	1801013.29	£1,750	£1,750
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	1801013.34	£1,750	£1,750
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	1801013.35	£1,750	£1,750
Glór Dhún Geimhin	1801013.52	£1,750	£1,750
Glór na Móna	1801013.54	£1,750	£1,750
Glór na Speiríní	1801013.55	£1,750	£1,750
Glór Uachtar Tíre	1801013.56	£1,750	£1,750
Ionad Uíbh Eachach	1801013.57	£1,750	£1,750
Naíscoil na Caille	1801013.68	£1,750	£1,750
Ógras	1801014	€23,776	€23,776 (do 12 campa)

D'fhill M. Ní Chonghaile ag an phointe seo. D'fhág S. Ní Chéide an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa agus chuir C. McGuinness an mhír seo ó Choiste an nDeontas i láthair an Bhoird.

Rinne an Coiste moladh maoiniú a chur ar fáil faoi Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2018 agus glacadh leis (**Aguisín 3).** Míníodh go mbeadh Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2019 le fógairt i Méan Fómhair i mbliana. Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £18,000 a chur ar fáil d'Aisling Ghéar ó Scéim na gComplachtaí 2018 i dtreo na gcostas a bhaineann le clár oibre 2018 agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Aisling Ghéar	1801006.02	£30,000	£18,000

D'fhill S. Ní Chéide ag an phointe seo agus chuaigh sí sa chathaoir arís.

Cinntí:

- Chinn an Bord €46,809 a chur ar fáil do na hiarratais faoi Scéim na bhFéilte 2018 (ina n-áirítear £2,240 don Droichead, £2,252 do Choiste Forbartha Charn Tóchair, £2,450 do Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain, £2,240 do Ghlór Uachtar Tíre, £2,345 do Ghlór na Móna agus £800 d'Ionad Uíbh Eachach).
- Chinn an Bord €174,712 a chur ar fáil do na hiarratais ar fad faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2018 (ina n-áirítear £1,745 don Droichead, £1,750 don Ghaeláras, £1,750 do Chairde Teo, £1,750 do Chairde Uí Neill, £1,750 do Choiste Forbartha Charn Tóchair, £1,750 do Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar, £1,750 do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich, £1,750 do Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain, £1,750 do Ghlór Dhún Geimhin, £1,750 do Ghlór na Móna, £1,750 do Ghlór na Speiríní, £1,750 do Ghlór Uachtar Tíre, £1,750 d'Ionad Uíbh Eachach, £1,750 do Naíscoil na Caille agus €23,776 d' Ógras (do 12 campa).
- Chinn an Bord €208,896 a chur ar fáil do na hiarratais ar fad faoi Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2018 (ina n-áirítear £18,000 d'Aisling Ghéar).

An Coiste Forbartha

De bharr nach raibh Cathaoirleach an Choiste Forbartha i láthair, thug an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú an 14 Bealtaine. Cuireadh in iúl gur pléadh na moltaí ar Phlean Straitéiseach Fhoras na Gaeilge. Pléadh an mhoill maidir leis an athbhreithniú ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta agus míníodh go raibh fiosruithe á ndéanamh i leith baol coimhlint leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn leis an iarrthóir rathúil, agus gur aontaíodh bealach le plé leis.

Coiste Iniúchta

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 9 Bealtaine. Cuireadh in iúl gur pléadh an Scéim Tarmligin don Bhord agus moladh don Bhord glacadh léi. Cuireadh in iúl gur pléadh an clár rioscaí agus gur aontaíodh ar roinnt leasuithe agus moladh don Bhord glacadh leis an chlár rioscaí. Mhol an Coiste don Choiste Osradhairc litreacha ceapacháin a chur ar fáil do bhaill na gcoistí éagsúla agus cuireadh in iúl go raibh múnla faighte ón Iniúchóir Inmheánach ina leith. Cuireadh in iúl go raibh seisiún oiliúna ag an Choiste Iniúchta roimh an chruinniú ar 9 Bealtaine a bhí an-tairbheach, ach ar an ábhar go raibh sé trí mheán an Bhéarla, ar bhonn prionsabail dhiúltaigh comhalta amháin freastal air.

Ghlac an Bord leis an Scéim Tarmligin don Bhord. Ghlac an Bord leis an chlár rioscaí agus aontaíodh go mbeadh na leasuithe cuí, a mhol an Coiste Iniúchta, curtha i bhfeidhm ar an chlár rioscaí don chéad chruinniú Boird eile.

Coiste Osradhairc
Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 3 Bealtaine. Cuireadh in iúl gur pléadh na táscairí ardleibhéil feidhmíochta don Stiúrthóireacht Seirbhísí Forbartha agus gur glacadh leo. Cuireadh in iúl gur pléadh Aon Duine Aon Tuarastal agus tréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí. Míníodh go raibh comhráití ar bun leis na Ranna maidir le beirt chomhalta faoi Aon Duine Aon Tuarastal i láthair na huaire.

Ardaíodh ceist faoi chomhaltaí bheith i láthair ag cruinnithe coistí nó ar fáil ar an ghuthán amháin agus iarradh soiléiriú ina leith. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé inghlactha comhaltaí bheith i láthair ag cruinnithe de chuid na gcoistí ar an ghuthán nó ar Skype, ach mhol sé go mbeadh Cathaoirleach an Choiste agus ball den fheidhmeannas in aon láthair don chruinniú. Iarradh ar an Choiste Osradhairc treoir a ullmhú ina leith lena chinntiú go bhfuil dea-chleachtas i bhfeidhm, go háirithe maidir le ceist na rúndachta.

05.164 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 AIBREÁN 2018
Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Cuireadh in iúl go raibh súil le coinneáil ar ioncaim Áis agus tréimhse ghnóthach an tsamhraidh ag teacht. Cuireadh in iúl go raibh €30,000 sa bhuiséad do thaighde, nach gcaithfear agus go gcuirfí an t-airgead sin ar fáil don chéad athdháileadh buiséid eile. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 30 Aibreán 2018.

06.164 COMHFHREAGRAS
Chuir Rúnaí an Bhoird in iúl go raibh litir faighte ó B. Ó Gaibhín ag léiriú imní maidir le fadhb le Líonra Gaeilge Bhéal Feirste.

D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Chuir Rúnaí an Bhoird in iúl go raibh iarratas ar mhaoiniú faighte ó Chumann Cultúrtha Mhic Reachtain agus go ndéanfaí measúnú air ar an ghnáthdhóigh.
D'fhill M. Ní Chonghaile ag an phointe seo.

07.164 RÚN MAIDIR LE TREOIR BAINC
Scaipeadh rún maidir le treoir bainc mar eolas don Bhord ó tharla go raibh beirt nua le cur leis an sainordú mar shínitheoirí. Ghlac an Bord leis an rún maidir le treoir bainc.

08.164 CUR I LÁTHAIR AR LÍONRAÍ GAEILGE AGUS BAILTE SEIRBHÍSÍ GAELTACHTA
Rinne G. Trimble cur i láthair ar na Líonraí Gaeilge agus na Bailte Seirbhísí Gaeltachta agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le G. Trimble as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

09.164 CUR I LÁTHAIR AR CHULTÚRLANN UÍ CHANÁIN

Rinne C. Mac Cearáin agus C. McNamara cur i láthair ar Chultúrlann Uí Chanáin agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas leo as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
22 Meitheamh 2018

Aguisín 1

Scéim na bhFéilte 2018 (Bealtaine go Samhain)

Ainm an Eagrais	*Ainm an Tionscadail*	*Contae*	Marc Faighte %	Méid Iarrtha €	Méid Molta €	Méid Iarrtha £	Méid Molta £stg
An Droichead	*Féile an Droichead*	*Aontroim*	64%			£3,500	**£2240**
Ballintogher Traditional Festival	*Féile Traidisiúnta Baile an Tóchair*	*Sligeach*	55%	€3,500	**1,925**		
Cairde Dhroim nDamh	*Siúlóid Laindéar na Samhna - Féile Solais*	*Doire*	67%			£3,290	**£2,204**
Coiste Traidphicnic	*Traidphicnic*	*Gaillimh*	70%	€4,900	**3,430**		
Coiste Forbartha Charn Tóchair	*Féile Charn Tóchair*	*Doire*	64%			£3,520	**£2,252**
Coiste Féile na Gealaí	*Féile na Gealaí*	*Co. na Mí*	58%	€5,000	**2,900**		
Coirm	*Scoil Samhraidh Cheol na Coille*	*Dún na nGall*	58%	€5,000	**2,900**		
Comharchumann Rath Chairn	*Féile na Mí*	*Co. na Mí*	73%	€3,000	**2,190**		
Cumann Chluain Ard	*Féile na Bealtaine*	*Béal Feirste*	58%			£3,500	**£2,030**
Comhlacht Forbartha Inis Meáin	*Éigse Dara Beag*	*Gaillimh*	67%	€5,000	**3,350**		
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	*Scoil Samhraidh Mhic Reachtain*	*Béal Feirste*	70%			£3,500	**£2,450**
Forbairt Dún Lúiche	*Féile an Eargail*	*Dún na nGalll*	55%	€5,000	**2,750**		
Fingal Film Festival	*Fingal Film Festival*	*Baile Átha Chliath*	55%	€5,000	**2,750**		
Féile na Locha	*Féile an Locha*	*Maigh Eo*	55%	€5,000	**2,750**		
Féile Chois Cuain	*Féile Chois Cuain*	*Maigh Eo*	55%	€5,000	**2,750**		
Galway Film Fleadh	*Junior Galway Film Fleadh*	*Gaillimh*	55%	€5,000	**2,750**		
Glór Uachtar Tíre	*Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill*	*Co. an Dúin*	64%			£3,500	**£2,240**
Glór na Móna	*Féile na Carraige*	*Béal Feirste*	67%			£3,500	**£2,345**
Ionad Uíbh Eachach	*Bí Dána*	*Béal Feirste*	55%			£1,460	**£800**
Julianstown & District Community Association LTD.	*Féile Baile Iúiliáin*	*Co. na Mí*	52%	€2,000	**1,040**		

Loinneog Lúnasa	*Loinneog Lúnasa*	*Dún na nGall*	58%	€5,000	**2,900**		
Liú Lúnasa	*Liú Lúnasa*	*Béal Feirste*	61%			£3,500	**£2,135**
Scoil Samhraidh Willie Clancy	*Scoil Samhraidh Willie Clancy*	*Co. an Chláir*	70%	€5,000	**3,350**		
Seosamh Mac Gabhann Summer School	*Scoil Samhraidh Sheosaimh Mhic Ghabhainn*	*Maigh Eo*	52%	€2,000	**1,040**		
Scoil na Fuiseoige	*Scoil na Fuiseoige*	*Béal Feirste*	55%			£3,500	**£1,925**
University of Limerick	*Blas International Summer School of Irish Traditonal Music and Dance*	*Luimneach*	64%	€5,000	**3,200**		
The Amergin Solstice Betry Gathering	*Éigse na Gréine*	*Ciarraí*	61%	€4,436	**2,705**		
					26925		17896
					19884		19884
				Iomlán	46809		
				Iomlán	20783		

Incháilithe ag brath ar mhaoiniú 50 - 55%

Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1, 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Aguisín 2

Scéim na gCampaí Samhraidh 2018

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Marc as 100%	Méid Molta €	Méid Molta £	Luach Stg in €
1801013.01	An Droichead	Campa Samhraidh do Dheisceart agus Oirthear Bhéal Feirste 2018	87		£1,745	€1,939
1801013.02	An Gaeláras	Déagóirí Dhoire	83		£1,750	€1,944
1801013.03	Aras na nGael	Campa Uachtar Ard	66	€2,500		
1801013.04	Augher St. Macartans GFC	Campa Mhic Artáin	78		£1,750	€1,944
1801013.05	Cairde Bhunscoil an Traonaigh	Campa Samhraidh 2018	96		£1,750	€1,944
1801013.06	Cairde na mBeann	Scéim Samhraidh 2018	92		£1,750	€1,944
1801013.07	Cairde Teo	Campa Mhacha	96		£1,750	€1,944
1801013.08	Cairde Uí Néill	Campa Samhraidh Soisir 2018	82		£1,750	€1,944
1801013.09	Cáirdeas, Kilmovee Family Resourse Centre	Campa Samhraidh Cill Mhobí	82	€1,530		
1801013.10	Campa Chormaic an Duin	Campa Chormaic an Duin	73		£1,750	€1,944
1801013.11	Campa Chormaic an tIúr agus Múrna	Campa Chormaic an tIúr agus Múrna	73		£1,750	€1,944
1801013.12	Campa Chormaic an Bhreantair	Campa Chormaic an Bhreantair	93		£1,750	€1,944
1801013.13	Campa Chormaic Dhomhnach Mhór	Campa Chormaic Dhomhnach Mhór	93		£1,750	€1,944
1801013.14	Campa Chormaic Aontroma	Campa Chormaic Seachtain 1	95		£1,750	€1,944
1801013.15	Campa Chormaic Dhoire - An Abhainn Bheag	Campa Chormaic Dhoire - An Abhainn Bheag	93		£1,750	€1,944
1801013.16	Campa Chormaic Dhoire - Baile na Scríne	Campa Chormaic Dhoire - Baile na Scríne	97		£1,750	€1,944
1801013.18	Club Óige Luraigh	Spraoi Charn Tochair	97		£1,750	€1,944
1801013.19	Club Óige Mhachaire Bóthain	Scéim Samhraidh Mhachaire Bóthain 2018	76		£1,750	€1,944
1801013.20	Club Óige Setanta	Campa Samhraidh 2018	73		£1,750	€1,944
1801013.21	Club Spraoi	Campa Spraoi Ard Mhacha	86		£1,750	€1,944
1801013.22	Club Spraoi	Campa Samhraidh Chlub Spraoi	87		£1,750	€1,944
1801013.23	Coiste Cultúrtha C.L.G. Na Mí	Campa Gaeilge Samhraidh Sláine, Co na Mí	88	€2,500		
1801013.24	Coiste Forbartha Charn Tóchair	Coláiste Charn Tóchair	97		£1,750	€1,944

1801013.25	Coiste Gaeilge Deisceart na Mí	Campa Samhraidh Deisceart na Mí	79	€2,200		
1801013.26	Coláiste Bhlinne	Coláiste Bhlinne 2018	92		£1,750	€1,944
1801013.27	Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Rathaigh	Campa na Deagóirí	87	€2,225		
1801013.28	Conradh na Gaeilge	Bealach an Doirín	84	€2,500		
1801013.29	Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	Scoil Samhraidh Bhoirche Íochtair	90		£1,750	€1,944
1801013.30	Conradh na Gaeilge, Caisléan na Deirge	Craobh na Deirge Campa Samhraidh Trí Ghaeilge	70		£1,750	€1,944
1801013.31	Cormeen Community Development CLG	Campa Spraoi an tSamhraidh Cormin	78	€2,420		
1801013.32	Craobh an Phiarsaigh	Caisleán an Bharraigh	87	€1,675		
1801013.33	Craobh Uileog de Búrca	Clár Chlainne Mhuiris	87	€1,675		
1801013.34	Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich	Scoil Samhraidh na Cultúrlainne	79		£1,750	€1,944
1801013.35	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Scéim Samhraidh Mhic Reachtain	94		£1,750	€1,944
1801013.36	Cumann Iarscoil na gCrann	Campa na gCrann	92		£1,750	€1,944
1801013.37	Cumann na Sairséalach	Scéim Shamhraidh Bhaile Iarainn	89		£1,750	€1,944
1801013.38	Cumann Óige Átha an Rí	Campa Samhraidh an Eachréidh	68	€2,500		
1801013.39	Cumann Óige na bhFál	Scéim Samhraidh na bhFál	86		£1,750	€1,944
1801013.40	Drungath GAC	Is Breá Liom Gaeilge!	84		£1,750	€1,944
1801013.41	Feachtas Óg Ghluaiseacht Gaeilge	Campa Samhraidh Feachtas tamhlachta	82	€2,500		
1801013.42	Fóram an Dúin agus Oirialla	Coláiste Naomh Eoin Bosco	89		£1,750	€1,944
1801013.43	Gaeilge Le Chéile Ltd.	Gaeilge Le Chéile	86	€1,571		
1801013.44	Gaeilge Locha Riach	Campa Chill Chúile	89	€2,425		
1801013.45	Gaelchampa Eiscir	Gaelchampa Eiscir	67	€2,230		
1801013.46	Gaelcholáiste Phort Láirge	Glór na nDéise	86	€2,350		
1801013.47	Gaelphobal an Lorgan	Campa Samhraidh 2018	97		£1,750	€1,944
1801013.48	Gaelscoil an Chaistil	Scéim Samhraidh an Chaistil	73		£1,750	€1,944
1801013.49	Gaelscoil Aodha Rua	Sonas is Só	89		£1,750	€1,944
1801013.50	Gaelscoil de hÍde	Spraoi 2018	88	€2,000		
1801013.51	Glór an Ghleanna (Cumann Óige an Ghleanna)	Scéim Samhraidh an Ghleanna	85		£1,750	€1,944
1801013.52	Glór Dhún Geimhin	Campa Dhún Geimhin	97		£1,750	€1,944
1801013.53	Glór Mhachaire Fíolta	Campa Samhraidh Mhachaire Fíolta	89		£1,750	€1,944

1801013.54	Glór na Móna	Scéim Samhraidh Uachtar Chluanaí	93		£1,750	€1,944
1801013.55	Glór na Speiríní	Campa Samhraidh na Scríne	86		£1,750	€1,944
1801013.56	Glór Uachtar Tire	Scéim Samhraidh Uachtar Tíre	93		£1,750	€1,944
1801013.57	Ionad Uíbh Eachach	Scéim Samhraidh 2018	89		£1,750	€1,944
1801013.58	Kileen National School	Spraoi Campa Samhraidh	89	€2,500		
1801013.59	Laragh Heritage	AIMSIR	84	€2,500		
1801013.61	Lecanvey Community Centre	Leac an Anfaidh 2018	89	€2,000		
1801013.62	M.C.P Baile na nGallógach	Campa Samhraidh, Baile na nGallógach	87	€2,450		
1801013.63	Na Gaeil Óga CLG	Campa samhraidh Na Gaeil Óga	70	€2,480		
1801013.64	Naíonra Léim an Bhradáin	Campa Spraoi	79	€2,110		
1801013.65	Naíscoil an tSléibhe Dhuibh	Campa Samhraidh an tSléibhe Dhuibh	82		£1,750	€1,944
1801013.66	Naíscoil Éadain Mhóir	Cairde Samhraidh	89		£1,750	€1,944
1801013.67	Naíscoil na Banna	Scéim Samhraidh Naíscoil na Banna	89		£1,750	€1,944
1801013.68	Naíscoil na Caille	Naíscoil na Caille 18	82		£1,750	€1,944
1801013.69	Ógras na hÓmaí	Campa Chairde le Chéile	89		£1,750	€1,944
1801013.70	Old Coolatin Country Ltd	Campa Samhraidh Carn an Bhua 2018	77	€2,500		
1801013.71	Scoil Padre Pio	Campa Samhraidh , Scoil Padre Pio	76	€2,500		
1801013.72	Spraoi agus Spórt Family Centre Ltd.	Campaí Samhraidh	84	€2,500		
1801013.73	Teach Abhaile	Campaí As Gaeilge i dTeach Abhaile	86	€2,500		
1801013.74	Teanga Beo Baile Formaid	Camps Samhraidh Teanga Beo 2018	66	€2,100		
1801013.75	Valentia Community Health and Welfare Association CLG	Campa Spoirt, Ealaine, Ceirdeanna, Amhranaiochta, Famaireachta/Cnocadóireachta	81	€2,500		
1801014.01	Ógras	Campa Samhraidh Baile na Manach	87	€2,139		
1801014.02	Ógras	Campa Samhraidh Biorra	89	€1,640		
1801014.03	Ógras	Campa Samhraidh Óg Ógras Gaelscoil Mhic Amhlaigh	87	€1,700		
1801014.04	Ógras	Campa Marino	89	€1,841		
1801014.05	Ógras	Campa Nás na Ríogh	87	€1,765		
1801014.06	Ógras	Campa Ógras Rath Maoinis	89	€1,685		
1801014.07	Ógras	Campa Sheanchill	89	€1,782		

1801014.08	Ógras	Campa Óg-Ógras Ghaelscoil Dara	89	€1,760		
1801014.09	Ógras	Campa Ghníomh Go leith	89	€2,316		
1801014.10	Ógras	Campa Bhaile An Mhuilinn	87	€2,416		
1801014.11	Ógras	Campa Thrá Lí	89	€2,366		
1801014.12	Ógras	Campa Bhaile Uí Thaidhg	89	€2,366		
				€87,217	£78,745	€87,494
			Iomlán	€174,712		

Aguisín 3

Scéim na gComplachtaí Drámaíochta 2018

Uimhir Thagartha	**Ainm Eagras**	**Costas an Tionscadal £**	**Costas an Tionscadal €**	**Méid á lorg €**	Méid á lorg £	Méid Molta £	Méid Molta €	**Marc Faighte**
1801006.01	Ababú	£23,270 (€25,855.55)			£12,670 (€14,077.77)	£5,067	€5,630	71%
1801006.02	Aisling Ghéar	£162,429 (€180,466.66)			£30,000 €33,333	£18,000	€20,000	80%
1801006.03	Aisteoirí an Bhaile		€19,085	€12,000			€4,800	69%
1801006.04	Aisteoirí an Lóchrainn		€2,020	€1,500			€800	67%
1801006.05	Aisteoirí Bhréanainn		€8,700	€8,700			€3,480	69%
1801006.06	Armagh Rhymers (Cleamairí Ard Mhacha)	£29,461.68			£27,961.68 (€31,068.53)	£15,684	€17,427	74%
1801006.07	Axis		€22,000	€17,000			€9,650	79%
1801006.08	Branar		€193,622.44	€40,836			€18,334	75%
1801006.09	Cumann Drámaíochta Bulfin		€4,750	€4,000.00			€1,900	70%
1801006.10	Fibín		€222,782.00	€40,000			€26,000	81%
1801006.11	Graffiti Theatre Company		€49,300	€25,300			€15,500	80%
1801006.12	Guthanna Binne Sioraí		€45,000	€40,000			€20,000	84%
1801006.13	High Rock Productions		€120,000	€40,000			€16,000	75%
1801006.14	Moonfish Theatre Company		€80,200	€49,838			€19,935	74%
1801006.15	Mumbro Top		€17,600	€17,600			€7,040	71%
1801006.16	Mouth on Fire Theatre Company		€41,450	€28,500			€9,800	65%
1801006.17	Splódar		€25,000	€20,000			€9,000	78%
1801006.18	Tuismitheoirí na Gaeltachta		€24,000	€24,000			€3,600	51%
							€208,896	
Iomlán			**€875,509.00**	**€369,274**	£70,631.68 = 78,479.60			
					£70,631.68 = 78,479.60		Ráta .90	

Miontuairiscí ón 165ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 22 Meitheamh 2018 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, B. Ní Chofaigh, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, N. Ó Gallochobhair agus M. Farrell.

Leithscéal: G. McElwain, M. Ní Chonghaile agus S. Ní Chéide.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomh-fheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: J. Ó Labhraí.

01.165 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Pléadh na miontuairiscí ón 18 Bealtaine 2018.

Aontaíodh go leasófaí an abairt '*Míníodh go raibh beirt chomhaltaí i mbun comhráite leis an Roinn faoi Aon Duine Aon Tuarastal i láthair na huaire*' go '*Míníodh go raibh comhráití ar bun leis na Ranna maidir le beirt chomhaltaí faoi Aon Duine Aon Tuarastal i láthair na huaire*'.

Aontaíodh go leasófaí an abairt *'Cuireadh in iúl go raibh seisiún oiliúna ag an Choiste Iniúchta roimh an chruinniú ar 9 Bealtaine a bhí an-tairbheach, ach ar an ábhar go raibh sé trí mheán an Bhéarla', dhiúltaigh comhalta amháin freastal air'* go *'Cuireadh in iúl go raibh seisiún oiliúna ag an Choiste Iniúchta roimh an chruinniú ar 9 Bealtaine a bhí an-tairbheach, ach ar an ábhar go raibh sé trí mheán an Bhéarla',* ***'ar bhonn prionsabail'*** *dhiúltaigh comhalta amháin freastal air'*.

Pléadh teagmháil a bhí déanta leis na Ranna agus an CATT maidir le táillí Boird agus an difear idir an dá dhlínse. Iarradh 'Aon Ghnó Eile' a bheith sonraithe mar mhír ar chlár an chruinnithe.

02.165 COIMHLINT LEASA
Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir B. Ní Chofaigh in iúl go raibh baol coimhlint leasa aici i gcás aon phlé ar Bhliain na Gaeilge.

03.165 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA
Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go raibh an cruinniú le John Delaney curtha ar athló. Pléadh an Straitéis do na hEalaíona Gaeilge, agus míníodh go mbeadh RCOG ag tabhairt faoi sin agus go mbeadh ionadaí de chuid Fhoras na Gaeilge ar an mheitheal oibre. Iarradh a chlárú sna miontuairiscí go raibh gá le gníomh a chuirfeadh na healaíona Gaeilge chun cinn. Iarradh tuairisc ghairid faoin chruinniú leis na foilsitheoirí Gaeilge. Bhí plé ann faoin chlár *Léirmheas Leabhar* a bhí ar TG4 agus iarradh tuairisc ghairid anailíse ar an infheistíocht a bhí déanta ag Foras na Gaeilge ann. Moladh go bhfiosrófaí an bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leis na leabharlanna maidir le léitheoireacht do pháistí thar an samhradh mar chuid de '*Dúshlán an tSamhraidh*'.

Pléadh Gaillimh 2020, agus iarradh go lorgófaí cruinniú leo don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an Chathaoirleach agus M. Farrell. Pléadh an Ghaelbhratach agus na liostaí feithimh a bhain leis an tionscadal, agus moladh airgead breise a lorg lena aghaidh. Míníodh gur scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire Oideachais agus Scileanna ar lorg cruinniú ach nach bhfuarthas freagra go fóill.

Thug an Bord suntas don nóta eolais maidir le híocaíochtaí le Facebook agus Instagram le déanamh trí Chonradh na Gaeilge bunaithe ar chomhfheachtas poiblíochta.

04.165 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Leas-Chathaoirleach Choiste na nDeontas, tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 8 Meitheamh. Rinne an Coiste moladh €334,855.48 a chur ar fáil do na hiarratais ar fad faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2018, agus glacadh leis sin. **(Aguisín 1)**

Rinne an Coiste moladh maoiniú deontas nach mó ná £73,000 a chur ar fáil do Chúram Leanaí Bheann Mhadagáin, faoin Chiste Infheistíochta le haghaidh Bunú Soláthair Réamhscolaíochta agus Cúram Leanaí (£18,000 in 2018, £22,000 in 2019 agus 2020 - £33,000) agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Cúram Leanaí Bheann Mhadagáin	1801024	£73,000	£73,000

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £75,000 a chur ar fáil do Chomhairle Uladh Cumann Lúthchleas Gael (£15,000 in 2018, £30,000 in 2019 agus £30,000 in 2020) agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Comhairle Uladh Cumann Lúthchleas Gael	1801025	£75,000	£75,000

Pléadh ceist na Gaeilge ag na Cúl-champaí agus moladh go bhfiosrófaí an fhéidearthacht go bhféadfaí campa amháin a reáchtáil trí mheán na Gaeilge i ngach contae. Míníodh go mbeadh an Cathaoirleach agus an PF ag bualadh le hArd-Stiúrthóir CLG.

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £10,500 a chur ar fáil do Chlub Óige Luraigh agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Club Óige Luraigh	CC17014	£10,500	£10,500

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £10,000 a chur ar fáil do Choiste Forbartha Charn Tóchair le haghaidh Iomáin Cholmcille (£5,000 in 2018 agus £5,000 in 2019) agus glacadh leis.

Ainm Eagrais	**Uimh. thag**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Coiste Forbartha Charn Tóchair	CC18004	£18,720	£10,000

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £13,000 a chur ar fáil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich thar cheann Líonra Fheirste Thiar agus glacadh leis.

Cinntí:

- Chinn an Bord €334,855.48 a chur ar fáil do na hiarratais ar fad faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2018.
- Chinn an Bord £73,000 a chur ar fáil do Chúram Leanaí Bheann Mhadagáin.
- Chinn an Bord £75,000 a chur ar fáil do Chomhairle Uladh Cumann Lúthchleas Gael
- Chinn an Bord £10,500 a chur ar fáil do Chlub Óige Luraigh.
- Chinn an Bord £10,000 a chur ar fáil do Choiste Forbartha Charn Tóchair.
- Chinn an Bord £13,000 a chur ar fáil do Chultúrlann McAdam Ó Fiaich thar cheann Líonra Fheirste Thiar.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 7 Meitheamh ag ar glacadh le treoracha dea-chleachtais maidir le cianfhreastal ar chruinnithe, agus le tuairsc ar dhul chun cinn Bhliain na Gaeilge. Nótáil an Bord an dea-chleachtas maidir le freastal ó chian ar chruinnithe coistí agus tugadh moladh ina leith. Nótáil an Bord tuairisc R2 maidir le dul chun cinn Bhliain na Gaeilge.

Léiríodh buaireamh go mbeadh ceist a bhaineann le comhalta Boird á plé gan an comhalta a bheith ar an eolas faoi agus iarradh go gcuirfí sin ar an taifead.

Coiste Cholmcille

Thug Cathaoirleach Choiste Cholmcille cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 7 Meitheamh ag ar pléadh cuairt oifigigh Bhòrd na Gàidhlig ar 28 Meán Fómhair, dréachtmheamram tuisceana agus an plean straitéiseach a bhí á chur le chéile do Cholmcille faoi láthair.

05.165 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINE 2018

Pléadh an Ráiteas Caiteachais, agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Míníodh go mbeadh maoiniú le hathdháileadh ó tharla go raibh tearc-chaiteachas ann a bhain le Scéim na nOifigeach Gaeilge, agus go raibh soláthar buiséid déanta do Scéim Ionaid Ghaeilge, ach nach mbeadh caiteachas ar bith déanta ar an scéim anois go dtí 2019. Cuireadh in iúl go raibh airgead breise ag teastáil ó Choláiste Ollscoile Naomh Muire don Áisaonad le haghaidh athchló a chur ar leabhair léitheoireachta a bhí de dhíth ar scoileanna Gaeltachta faoin Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, agus airgead breise ag teastáil ó Raidió Fáilte le haghaidh trealaimh dá gceanncheathrú nua. Míníodh go mbeadh na méideanna le beachtú, go raibh práinn leis na hiarratais, agus go gcaithfí cead an Bhoird a fháil le maoiniú breise a chur ar fáil dóibh, toisc gur deontaithe reatha iad an dá eagraíocht sin. Thug an Bord cead i bprionsabal don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhar leis an Chathaoirleach, maoiniú breise a cheadú do Choláiste Ollscoile Naomh Muire don Áisaonad, agus do Raidió Fáilte roimh chruinniú Boird mhí Iúil – beidh tuairisc ar an chaiteachas le soláthar don Bhord i gcruinniú mhí Iúil. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Bealtaine 2018.

06.165 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl nach raibh comhfhreagras ann.

07.165 CUR I LÁTHAIR AR AN RÉIMSE GNÓ
Rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha, É. Ó hArgáin cur i láthair ar na tacaithe gnó a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil, agus bhí plé ina dhiaidh. Moladh fiosruithe a dhéanamh i leith soláthar aipe a chuirfeadh eolas ar fáil maidir le deontaithe faoin scéim seo, agus moladh gníomhaíochtaí ginearálta Fhoras na Gaeilge a chur san áireamh leis an aip. Gabhadh buíochas le hÉ. Ó hArgáin as an chur i láthair.

08.165 SWiFT 3000
Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, S. Ó hEidhin uasdátú ar an SWiFT 3000 (Caighdeán Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann (NSAI) le haghaidh rialachais chorparáidigh) agus an próiseas ar fad a bhain leis. Ghabh sé buíochas le comhaltaí as an cheistneoir a líonadh agus as bheith ar fáil le haghaidh agallaimh. Léiríodh míshástacht go raibh an próiseas á reáchtáil i mBéarla agus nach raibh leagan Gaeilge den chód cleachtais curtha ar fáil i nGaeilge ag RCPA [An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe]. Rinneadh plé fada ina leith, agus moladh go gcuirfí an ceistneoir ar fáil go dátheangach feasta, agus ghlac an Bord leis an mholadh. Gabhadh buíochas le S. Ó hEidhin as an uasdátú.

Aon ghnó eile
Scaipeadh ráiteas dearbhaithe maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) agus iarradh ar chomhaltaí é a shíniú le cead a thabhairt a sonraí teagmhála a sholáthar do thríú páirtithe cuí. Cuireadh in iúl go mbeadh an tAire Stáit, Joe McHugh TD, ag seoladh Phlean Gníomhaíochta 5 Bliana an Rialtais ó dheas don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i nGaoth Dobhair Dé hAoine an 29 Meitheamh, agus go mbeadh cuireadh ag comhaltaí freastal ar an seoladh. Pléadh ceisteanna a chuir an Coiste um Chuntais Phoiblí ar RCOG faoi léas Fhoras na Gaeilge ar na hoifigí i mBaile Átha Cliath. Míníodh gur bhain na ceisteanna le ceist níos leithne an chur chuige atá ag Oifig na nOibreacha Poiblí rátaí cíosa an mhargaidh a ghearradh ar chomhlachtaí stáit, agus gur éirigh an tsraith ceisteanna as seisiún a bhí ag Ard-Rúnaí RCOG os comhair an Choiste. Dúirt an Príomhfheidhmeannach go bhféadfaí tuairisc a chur ar fáil don chéad chruinniú eile. Iarradh tuairisc ar dhul chun cinn leis an leagan clóite den fhoclóir. Míníodh go mbeadh cur i láthair ina leith ag an chruinniú Boird ar 14 Meán Fómhair, ach go gcuirfí tuairisc ar an dul chun cinn ar fáil idir an dá linn. Gabhadh buíochas leis an fheidhmeannas as aip an fhoclóra a chur ar fáil saor in aisce, agus moladh fiosruithe a dhéanamh faoi bhealaí a bhféadfaí poiblíocht a dhéanamh i measc lucht an oideachais go raibh an aip ar fáil saor in aisce anois.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
20 Iúil 2018

Scéim na nImeachtaí Óige

Uimh. Thag.	Ainm an Eagrais	Contae ina mbeidh an Imeacht ar siúl	Méid Molta san iomlán €	Méid Molta € 2017	Méid Molta € 2018	Méid Molta san iomlán £stg	Méid Molta £ 2017	Méid Molta £ 2018	Méid iomlán £ aistrithe	Méid £ 2018 aistrithe	Méid £ 2019 aistrithe	Marc faighte sa mheasúnú %
1801019.01	An Droichead	Aontroim				£3,300	£1,600	£1,700	€3,666.67	€1,777.78	€1,888.89	93
1801019.02	An Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin	An Dún				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	73
1801019.03	Cairde Cheathrú na Gaeltachta	Aontroim				£3,500	£1,450	£2,050	€3,888.89	€1,611.11	€2,277.78	90
1801019.04	Cairde Gaelscoil na Móna	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	93
1801019.05	Cairde na Gaelscoile	Doire				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	92
1801019.06	Cairde Teo	Ard Mhacha				£3,500	£1,440	£2,060	€3,888.89	€1,600	€2,288.89	87
1801019.07	Cairde Uí Néill	Tír Eoghain				£3,500	£1,402	£2,098	€3,888.89	€1,557.78	€2,331.11	85
1801019.08	Club Chorbáin	Cill Dara	€5,000	€2,500	€2,500							78
1801019.09	Club na nÓg Buiríos Uí Chéin	Tiobraid Árann	€2,000	€1,000	€1,000							87
1801019.10	Club Óige Luraigh	Doire				£3,500	£1,940	£1,560	€3,888.89	€2,155.56	€1,733.33	97
1801019.11	Club Óige Mhachaire Bóthain	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	73
1801019.12	Club Óige Mhic Reachtain	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	90
1801019.13	Club Óige Setanta	Doire				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	93
1801019.14	Club Spraoi	Ard Mhacha				£3,500	£2,220	£1,280	€3,888.89	€2,466.67	€1,422.22	97
1801019.15	Coiste Forbartha Charn Tóchair	Doire				£3,500	£1,300	£2,200	€3,888.89	€1,444.44	€2,444.44	97
1801019.16	Coláiste Dhéan Mhig Oirc - An Cumann Gaelach	Tír Eoghain				£3,440	£1,720	£1,720	€3,822.22	€1,911.11	€1,911.11	88
1801019.17	Coláiste Naomh Ciaráin	Tír Eoghain				£2,159.25	£1,079.63	£1,079.62	€2,399.17	€1,199.59	€1,199.58	80
1801019.18	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	An Dún				£3,380	£1,690	£1,690	€3,755.56	€1,877.78	€1,877.78	97
1801019.19	Conradh na Gaeilge, Caisleán na Deirge	Tír Eoghain				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	93
1801019.20	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	93
1801019.21	Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta	Aontroim				£3,500	£1,560	£1,940	€3,888.89	€1,733.33	€2,155.56	87

1801019.22	Cumann Iarscoil na gCrann	Tír Eoghain				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	92
1801019.23	Cumann Óige Átha an Rí	Gaillimh	€4,900	€2,450	€2,450							93
1801019.24	Cumann Óige Glór Chollain	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	83
1801019.25	Cumann Óige na bhFál	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	93
1801019.26	Dún Uladh	Tír Eoghain				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	100
1801019.27	Education Authority (Coláiste Feirste)	Aontroim				£3,500	£1,550	£1,950	€3,888.89	€1,722.22	€2,166.67	97
1801019.28	Feachtas	Baile Átha Cliath	€4,100	€2,050	€2,050							100
1801019.29	Feachtas	Baile Átha Cliath	€3,915	€2,475	€1,440							100
1801019.30	Feachtas	Baile Átha Cliath	€3,975	€2,535	€1,440							100
1801019.31	Gaelscoil an Chaistil	Aontroim				£3,400	£1,960	£1,440	€3,777.78	€2,177.78	€1,600.00	83
1801019.32	Glinsk Community Childcare Ltd	Gaillimh	€4,935	€3,625	€1,310							97
1801019.33	Glór an Ghleanna	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	97
1801019.35	Glór Léim an Mhadaidh	Doire				£3,497	£1,748.50	£1,748.50	€3,885.56	€1,942.78	€1,942.78	87
1801019.36	Glór Mhachaire Fíolta	Doire				£2,912	£1,482	£1,430	€3,235.56	€1,646.67	€1,588.89	93
1801019.37	Glór na Móna	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	97
1801019.38	Glór na Speiríní	Doire				£3,470.20	£1,859.60	£1,610.60	€3,855.78	€2,066.22	€1,789.56	93
1801019.39	Glór Uachtar Tíre	An Dún				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	97
1801019.40	Ionad Uíbh Eachach	Aontroim				£3,500	£1,400	£2,100	€3,888.89	€1,555.56	€2,333.33	88
1801019.41	Larah Heritage Ltd	Muineachán	€3,682	€1,841	€1,841							73
1801019.42	Longstone GFC - An Chloch Fhada	An Dún				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	100
1801019.43	Music Matters	Gaillimh	€5,000	€2,500	€2,500							85
1801019.44	Naí-Ionad Ard Eoin	Aontroim				£3,490	£1,745	£1,745	€3,877.78	€1,938.89	€1,938.89	73
1801019.45	Naíscoil na Caille	Ard Mhacha				£3,500	£1,180	£2,320	€3,888.89	€1,311.11	€2,577.78	93
1801019.46	Naíscoil an Traonaigh	Fear Manach				£3,500	£1,500	£2,000	€3,888.89	€1,666.67	€2,222.22	83
1801019.47	Ógras na hÓmaí	Tír Eoghain				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	97

1801019.48	Spórt Feirste	Aontroim				£3,500	£1,750	£1,750	€3,888.89	€1,944.44	€1,944.44	97
1801019.49	Spraoi agus Sport Family Centre Ltd	Dún na nGall	€5,000	€2,500	€2,500							93
1801019.50	Teanga Beo Baile Formaid	Baile Átha Cliath	€2,871	€1,505	€1,366							87
1801019.51	Tús Tacaíocht agus Pobal	Aontroim				£2,780	£1,390	£1,390	€3,088.89	€1,544.44	€1,544.44	83
1801019.52	Valentia Community Health and Welfare Association CLG	Ciarraí	€4,714.98	€2,357.49	€2,357.49							82
1801019.53	An Gaeláras	Doire				£3,490	£1,180	£2,310	€3,877.78	€1,311.11	€2,566.67	97
1801020.01	An Dán-Amharclann Óige Ógras	Gaillimh	€4,570	€2,100	€2,470							100
1801020.02	Baile An Mhuilinn & Cill Áirne	Ciarraí	€3,801	€2,030	€1,771							100
1801020.03	Baile Uí Thaidhg & Lios Tuathail	Ciarraí	€3,831	€2,060	€1,771							100
1801020.04	Cathair & Conae Luimnigh	Luimneach	€3,831	€2,060	€1,771							100
1801020.05	Gaelscoil Dara/Áras na nGael	Gaillimh	€3,510	€1,930	€1,580							100
1801020.06	Gníomh go Leith & An Rath Mhór	Corcaigh	€3,831	€2,060	€1,771							100
1801020.07	Óg Ógras an Chabháin	An Cabhán	€2,980	€1,370	€1,610							100
1801020.08	Óg Ógras Gaelscoil Mhic Amhlaigh	Gaillimh	€3,540	€1,915	€1,625							100
1801020.09	Óg Ógras Marino	Baile Átha Cliath	€2,888	€1,360	€1,528							100
1801020.10	Óg -Ógras Seanchill &Baile an tSaoir	Baile Átha Cliath	€4,590	€2,390	€2,200							100
1801020.11	Ógras Chill Dheagláin & Dun Bóinne	An Mhí	€3,377	€1,790	€1,587							100
1801020.12	Ogras Oirialla	Ard Mhacha	€2,856	€1,470	€1,386							100
1801020.13	Ógras/Óg Ógras Nás na Ríogh	Cill Dara	€3,646	€1,896	€1,750							100
1801020.14	Ógras/Óg-Ógras Léim an Bhradáin	Cill Dara	€4,640	€2,450	€2,190							100
1801020.15	Rath gCormac & Cathair Phort Láirge	Port Láirge	€3,931	€2,160	€1,771							100
1801020.16	Trá Lí	Ciarraí	€3,831	€2,060	€1,771							100
1801021.01	Clubanna Spleodar - An Cabhán	An Cabhán	€4,809	€2,404.50	€2,404.50							95
1801021.02	Clubanna Spleodar - An Muileann gCearr	An Iarmhí	€4,095	€2,535	€1,560							95
1801021.03	Clubanna Spleodar - An Uaimh	An Mhí	€4,305	€2,152.50	€2,152.50							95
1801021.04	Clubanna Spleodar - Áth Luain	An Iarmhí	€4,515	€2,795	€1,720							95

1801021.05	Clubanna Spleodar - Baile Átha an Rí	Gaillimh	€4,305	€2,152.50	€2,152.50							95
1801021.06	Clubanna Spleodar - Baile Locha Riach	Gaillimh	€4,305	€2,665	€1,640							95
1801021.07	Clubanna Spleodar - Béal Easa	Maigh Eo	€3,895	€2,460	€1,435							95
1801021.08	Clubanna Spleodar - Caisleán Cnucha	Baile Átha Cliath	€4,935	€3,055	€1,880							95
1801021.09	Clubanna Spleodar - Cara Droma Rúisc	Liatróim	€4,305	€2,665	€1,640							95
1801021.10	Clubanna Spleodar - Carn an Bhua	Cill Mhantáin	€4,935	€3,055	€1,880							95
1801021.11	Clubanna Spleodar - Ceatharlach	Ceatharlach	€3,895	€2,460	€1,435							95
1801021.12	Clubanna Spleodar - Domhnach Bat	Baile Átha Cliath	€3,895	€2,460	€1,435							95
1801021.13	Clubanna Spleodar - Dún Laoghaire	Baile Átha Cliath	€4,095	€2,047.50	€2,047.50							95
1801021.14	Clubanna Spleodar - Guaire	Loch Garman	€4,305	€2,665	€1,640							95
1801021.15	Clubanna Spleodar - Longfort	An Longfort	€4,095	€2,535	€1,560							95
1801021.16	Clubanna Spleodar - Ráth Maoinis	Baile Átha Cliath	€4,095	€2,925	€1,170							95
1801021.17	Clubanna Spleodar - Uarán Mór	Gaillimh	€4,305	€2,152.50	€2,152.50							95
1801019.34	Glór Dhún Geimhin	Doire				£0.00	£0.00	£0.00	€0.00	€0.00	€0.00	0

			2018	2019
Fo-iomlán Molta **€**		€182,834.98	€101,623.99	€81,210.99

			2018	2019
Fo-iomlán Molta **£**		£136,818.45	£65,896.73	£70,921.72

			2018	2019
£ aistrithe go €		€152,020.50	€73,218.59	€78,801.91

			2018	2019
Móriomlán Molta (**€ & £**)		€334,855.48	€174,842.58	€160,012.90

Miontuairiscí ón 166ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 20 Iúil 2018 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, N. Ó Gallochobhair agus S. Ní Chéide.

Leithscéal: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), B. Ní Chofaigh agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: É. Ó hArgáin (Rúnaí).

Ritheadh rún comhbhróin maidir le bás Lord Laird, iar-Chathaoirleach de chuid Ghníomh-aireacht na hUltaise agus an Fhorais Teanga.

01.166 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Pléadh na miontuairiscí ón 22 Meitheamh 2018. Ardaíodh ceist faoi tháillí Boird agus aontaíodh comhfhreagras ón CATT agus ó na Ranna ina leith a chur ar fáil don Chathaoirleach le plé leis an chomhalta Boird i gceist. Aontaíodh ar roinnt leasuithe do na miontuairiscí, agus aontaíodh go síneodh an Cathaoirleach an leagan leasaithe agus go gcuirfí an leagan leasaithe chuig an Bhord mar eolas.

Cuireadh in iúl go ndéanfaí cur i láthair ar an fhoclóir ag an chruinniú Boird ar 2 Samhain seachas 14 Meán Fómhair mar a bhí beartaithe. Iarradh scríobh chuig na scoileanna ar fad lena chur in iúl go bhfuil aip an fhoclóra ar fáil saor in aisce agus moladh úsáid a bhaint as nuachtlitreacha Ghaeloideachais agus Chumann Múinteoirí Eireann (InTouch) chun an scéal a scaipeadh ag tús na scoilbhliana.

02.166 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Ní raibh aon choimhlintí leasa le nochtadh ag aon duine.

03.166 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Míníodh go mbeadh an tuairisc faoin chruinniú leis na foilsitheoirí Gaeilge agus an tuairisc faoi Léirmheas Leabhar ar fáil don chruinniú Boird ar 14 Meán Fómhair. Míníodh go raibh teagmháil déanta ag CNLG leis na leabharlanna chun maoiniú a chur ar fáil do *Dhúshlán an tSamhraidh* i nGaeilge. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú socraithe le Príomhfheidhmeannach Ghaillimh 2020 don 23 Lúnasa agus go raibh an dáta sin le cinntiú le M. Farrell. Míníodh go raibh scéal faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh siad ag cur €25,000 ar fáil don Ghaelbhratach do 2018. Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú ag an Phríomhfheidhmeannach agus ag an Chathaoirleach le hArd-Stiúrthóir CLG ar 24 Iúil 2018.

Bhí plé ar na moltaí do bhallraíocht an Choiste Téarmaíochta. Ghlac an Bord leis na hainmniúcháin ar fad don Choiste Téarmaíochta **(Aguisín 1**).

Pléadh an tuairisc ar dhul chun cinn an fhoclóra a bhí iarrtha ag an Bhord. Iarradh an dá thuairisc is déanaí a cuireadh ar fáil do na Ranna a chur ar fáil don Bhord mar eolas ach na Ranna bheith sásta iad a roinnt. Pléadh an brú leanúnach foirne, agus na socruithe don leagan clóite.

Pléadh an tuairisc ar mheasúnú d'iarratas ar mhaoiniú breise do Bhliain na Gaeilge. Ghlac an Bord leis an mholadh ó Choiste Bhliain na Gaeilge €60,657 a chur ar fáil do Bhliain na Gaeilge mar mhaoiniú breise. Cuireadh in iúl go raibh sé i gceist ag an Roinn €26,000 de mhaoiniú breise a chur ar fáil do Chiste 125, ach nach bhfuarthas iarratas ó Chonradh na Gaeilge ar an mhaoiniú sin go fóill. Iarradh go mbeadh cead an Bhoird ag an Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, an t-airgead breise sin a cheadú roimh an chéad chruinniú Boird eile, ach measúnú sásúil a bheith déanta ar iarratas ó Chonradh na Gaeilge. Thug an Bord an cead sin don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach. Moladh a thuairisciú don RCOG go bhfuil soláthar an mhaoinithe bhreise sin ag cur ghnáthphróisis maoinithe Fhoras na Gaeilge as riocht.

Pléadh an Dréacht-scéim Tacaíochta d'Ionaid Phobail Gaeilge. Míníodh gur pléadh ag an Choiste Forbartha í agus go mbeidh dréachtaí eile le plé arís – nach raibh cinnteacht faoin chiste maoinithe a bhí luaite léi agus go mbeadh beachtú le déanamh ar na critéir mheasúnaithe. Aontaíodh go raibh sé tábhachtach airgead a chur ar fáil do na hionaid Ghaeilge. Chuir an Bord fáilte roimh an Dréacht-Scéim Tacaíochta d'Ionaid Phobail Gaeilge.

Thug an Bord suntas don cháipéis faoi chomhthéacs na gceisteanna ón Choiste um Chuntais Phoiblí faoin léas ar an Cheannáras nua.

Iarradh go leasófaí an mhír sa Tuairisc faoin chruinniú leis an Aire Stáit, agus go gcuirfí na nithe breise seo san áireamh i measc na nithe a pléadh leis an Aire: Táillí thuaidh/theas agus Aon Duine Aon Tuarastal.

04.166 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas, tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 6 Iúil. Rinne an Coiste moladh maoiniú nach mó ná £210,000 a chur ar fáil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste, agus glacadh leis sin.

Ainm Eagrais	Uimh. thag	Méid lorgtha	Méid molta
Misean Oirthear Bhéal Feirste	1801028	£210,000	£210,000

Thug an Bord suntas don leasú buiséid ó Chonradh na Gaeilge agus don nóta eolais ón Áisaonad. Thug an Bord suntas don nóta eolais faoi £28,000 de mhaoiniú breise a chur ar fáil don Áisaonad le haghaidh athchlónna agus £18,000 do Raidió Fáilte don fhoirgneamh úr.

Cinntí:

- Chinn an Bord £210,000 a chur ar fáil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste.
- Chinn an Bord €60,657 a chur ar fáil do Bhliain na Gaeilge mar mhaoiniú breise.
- Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhar leis an Phríomhfheidhmeannach, €26,000 de mhaoiniú breise a cheadú do Bhliain na Gaeilge do Chiste 125.

Coiste Forbartha

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 9 Iúil. Míníodh gur pléadh an cur chuige maidir leis na miontuairiscí agus na nithe a bhí le cur ar an taifead, pléadh an luacháil ar na Ceanneagraíochtaí. Míníodh gur pléadh an plean straitéiseach agus an Dréacht-Scéim Tacaíochta d'Ionaid Phobail Gaeilge. Chuir an Príomhfheidhmeannach soiléiriú in iúl maidir le straitéis do na healaíona Gaeilge a bhí RCOG a bheartú, i gcomhar le hionadaithe ó na páirtithe leasmhara éagsúla.

D'fhág J. Ó Labhraí an cruinniú ag an phointe seo.

Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 9 Iúil. Pléadh na deacrachtaí a bhí ag comhaltaí freastal ar chruinnithe agus moladh a shonrú sa litir cheapacháin an méid ama a bheadh i gceist le ballraíocht ar an Bhord agus ar dhá choiste Boird freisin. Moladh cruinnithe coistí a reáchtáil an tráthnóna roimh chruinnithe Boird más féidir.

Léirigh comhalta míshástacht gur trí Bhéarla a bhí cuid den phlé ag an chruinniú den Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl gur pléadh tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh ar na Ceanneagraíochtaí agus gur thréaslaigh an Príomhfheidhmeannach don fhoireann atá ag plé leis na Ceann-eagraíochtaí agus ardchaighdeán na hoibre s'acu a léiríodh sa tuairisc.

Cuireadh in iúl go raibh míshásamh ar an Choiste gur i mBéarla amháin a bhí an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag plé le Foras na Gaeilge agus moladh comhairle a fháil ón Choimisinéir Teanga ina leith. Cuireadh in iúl gur pléadh an clár rioscaí, an ráiteas dearbhúcháin, an polasaí bainistiú riosca, an polasaí cumhdach leanaí (thuaidh agus theas), an polasaí sceithireachta agus an polasaí calaoise agus gur ghlac an Coiste leo. Ghlac an Bord leis an clár rioscaí, an ráiteas dearbhúcháin, an polasaí bainistiú riosca, an polasaí cumhdach leanaí (thuaidh agus theas), an polasaí sceithireachta agus an polasaí calaoise.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 17 Iúil ag ar pléadh táscairí feidhmíochta don Stiúrthóireacht Seirbhísí Oideachais, scéimeanna ar líne, Infheisteoirí i nDaoine agus an litir cheapacháin. Pléadh an méid oibre a bhí i gceist le ballraíocht ar choistí Boird. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh ualach oibre níos troime i gceist do chomhaltaí agus don fhoireann ó tharla go mbíonn cruinnithe coistí roimh gach cruinniú Boird anois. Ardaíodh ceist an raibh an cur chuige reatha ag cur le héifeacht na heagraíochta nó ag baint di agus aontaíodh go ndéanfaí plé ar an cheist sin, mar aon le laghdú ar líon na gcruinnithe, ag gach coiste.

05.166 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEITHEAMH 2018
Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis na hathruithe ar leathanach 2 den ráiteas caiteachais. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 30 Meitheamh 2018.

06.166 COMHFHREAGRAS
Cuireadh in iúl nach raibh aon chomhfhreagras ann.

07.166 CUR I LÁTHAIR AR RÉAMHSCOLAÍOCHT AGUS CÚRAM LEANAÍ
Tháinig an Clárbhainisteoir Oideachais, J. Ó Coinne i láthair an chruinnithe agus rinne sé cur i láthair ar chúrsaí réamhscolaíochta agus cúram leanaí agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le J. Ó Coinne as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

08.166 CUR I LÁTHAIR AR PHLEAN GNÍOMHAÍOCHTA 2018-2022 (STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE)
Rinne an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 agus bhí plé ina dhiaidh. Aontaíodh go scaipfí cóip den dá chur i láthair ar an Bhord mar eolas.

Aon ghnó eile
Cuireadh in iúl go mbeadh cuireadh á chur ar an Aire Stáit, Joe McHugh TD, a bheith i láthair ag an chruinniú Boird ar 14 Meán Fómhair, agus go mb'fhéidir go mbeadh an cruinniú sin i Leitir Ceanainn seachas Baile Átha Cliath, le freastal an Aire a éascú.

Ardaíodh ceist faoi fhógra scoir Chois Life agus na himpleachtaí ina leith. Moladh tionscadal taighde a dhéanamh ar chúrsaí comharbachta i dtionscadal na foilsitheoireachta Gaeilge.

Pléadh an cur chuige i dtaca leis na miontuairiscí Boird agus chuir an Chathaoirleach in iúl go ndéanfaí iad a phlé feasta ag an Bhord ó thaobh cruinnis de, moltaí nó leasuithe a aontú agus go síneodh an Cathaoirleach an leagan críochnúil. Míníodh go ndéantar iarracht go gcuirtear an dréacht ón Phríomhfheidhmeannach agus na Stiúrthóirí ar fáil don Bhord 10 lá i ndiaidh an chruinnithe Boird de ghnáth. Míníodh go gcuirtear cóip ar fáil don dá Roinn nuair atá siad faofa ag an Bhord agus go gcuirtear cóip ar shuíomh idirlín an Fhorais freisin.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
14 Meán Fómhair 2018

Aguisín 1

Ainmniúcháin don Choiste Téarmaíochta

Tá faisnéis fágtha ar lár anseo toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 2 & 6 d'Iarscríbhinn an Chóid Chleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.

Miontuairiscí ón 167ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 14 Meán Fómhair 2018 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, N. Ó Gallochobhair agus S. Ní Chéide.

Leithscéal: M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

Leithscéal: E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach).

01.167 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU
Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 20 Iúil 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad.

02.167 COIMHLINT LEASA
Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh aon bhaol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Ní raibh aon choimhlintí leasa le nochtadh ag aon duine.

03.167 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA
Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go raibh cead na Ranna faighte d'fhoilsiú an leagain chlóite den fhoclóir i mí an Mheithimh 2020. Cuireadh in iúl go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar bhallraíocht an Fhóraim Forbartha Teanga faoi láthair agus go mbeadh moladh faoi bhráid an Bhoird ina leith ag cruinniú Boird na Samhna.

04.167 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE
Coiste na nDeontas
D'fhág S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol choimhlint leasa. Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 5 Meán Fómhair. Rinne an Coiste moladh deontas de €25,000 a cheadú d'Oireachtas na Gaeilge chun comórtas an dá Mhór-Ghradaim Liteartha a eagrú mar shocrú eatramhach, agus glacadh leis sin. Rinne an Coiste moladh €10,000 breise a cheadú do Ghaeloideachas le feachtais feasachta don ghaelscolaíocht a rith i gcomhpháirt le Conradh na Gaeilge agus An Foras Pátrúnachta, agus glacadh leis sin. Míníodh gur maoiniú aon-uaire a bhí i gceist leis an dá dheontas. Cuireadh in iúl don Bord go raibh páipéar á ullmhú faoin dóigh a bpléitear le hiarratais nach bhfuil scéim ann a fhóireann dóibh, agus go mbeadh nóta eolais air sin á chur i láthair Choiste na nDeontas ag a gcruinniú i mí na Samhna. Thug an Bord suntas don leasú buiséid do Ghaeloideachas.
D'fhill S. Ó hArgáin ag an phointe seo.
Cuireadh in iúl go raibh an t-ainm oifigiúil do 'Scéim na gComplachtaí Drámaíochta' á athrú go 'Scéim na gCompántas Drámaíochta'.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €25,000 a cheadú d'Oireachtas na Gaeilge.
- Chinn an Bord deontas breise de €10,000 a cheadú do Ghaeloideachas.

Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú an oíche roimhe, 13 Meán Fómhair. Cuireadh in iúl gur pléadh an dréachtphlean straitéiseach go mion, agus go ndearnadh roinnt leasuithe ar na ranna a bhain le hoideachas, teaghlaigh, foclóireacht agus léitheoireacht. Míníodh go raibh moill leis an phlean straitéiseach agus mhol an Cathaoirleach don fheidhmeannas cúnamh a fhiosrú. Cuireadh in iúl gur tugadh uasdátú don Choiste maidir leis an luacháil ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill an Choiste agus leis an fheidhmeannais as freastal ar an chruinniú. Ghabh S. Ó hArgáin a leithscéal nach raibh sé i láthair de bharr cúraimí eile oibre.

Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 11 Meán Fómhair. Míníodh gur pléadh tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cumhdach leanaí, agus go raibh na torthaí an-dearfach, agus go raibh na róil agus na freagrachtaí an-soiléir san eagraíocht. Míníodh go gcaithfí a mheabhrú do na Ceanneagraíochtaí agus do dheontaithe go bhfuil dualgais le comhlíonadh acu de réir na reachtaíochta. Míníodh gur ghlac an Coiste leis an chlár rioscaí agus leis an Pholasaí maidir le Cosaint Sonraí agus gur ghlac an Coiste le moladh maidir le díscríobh a dhéanamh ar dhrochfhiacha Áis. Tugadh nuashonrú ar SWiFT 3000 (teastasú ar chaighdeáin an rialachais chorparáidigh), agus tugadh nuashonrú ar chuntais 2017 agus an mhoill a bhí i gceist mar gheall ar oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Iarradh a chur ar an taifead na mionsonraí a bhaineann le ballraíocht ar an Choiste agus an brú a bhíonn ar chomhaltaí agus na dualgais ar fad i gceist. Ghabh S. Ó Coistealbha a leithscéal nach raibh sé i láthair de bharr cúraimí eile oibre.

Cinntí

- Ghlac an Bord leis an Chlár Rioscaí agus leis an Pholasaí maidir le Cosaint Sonraí.

Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 5 Meán Fómhair. Tuairiscíodh gur thug an Príomhfheidhmeannach cuntas ar an dul chun cinn a bhí déanta i dtaobh mheanma na foirne agus ar na chéad chéimeanna eile a bhí beartaithe. Cuireadh in iúl gur pléadh agus gur ghlac an Coiste leis an litir cheapacháin do bhallraíocht ar an Choiste Iniúchta, agus go mbeadh sí le scaipeadh ar bhaill an Choiste Iniúchta. Cuireadh in iúl go mbeadh litreacha ceapacháin le ceapadh do bhallraíocht ar na coistí uile.

05.167 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA 2018

Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Lúnasa 2018. Cuireadh in iúl go raibh samhradh an-mhaith ann ó thaobh díolacháin Áis de. Ardaíodh ceist faoi bhaol tearc-chaiteachais ag deireadh na bliana agus iarradh ar an fheidhmeannas

breathnú chun tosaigh anois. Míníodh go raibh próiseas in áit cheana féin agus go raibh liosta beo féidearthachtaí á choinneáil. Míníodh go bhfaightear iarratais nach féidir á mhaoiniú cheal airgid, nó gan aon scéim bheith ar fáil dóibh, agus go gcoinnítear na hiarratais sin ar an chomhad. D'iarr an Príomhfheidhmeannach ar chomhaltaí a moltaí d'úsáid airgid de bharr aon tearc-chaiteachais a chur ar fáil, agus go gcuirfí san áireamh iad.

06.167 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó Choláiste Feirste faoi chinneadh a rinneadh diúltú d'iarratas uathu, agus ag cur cuiridh ar an Bhord teacht ar cuairt ar an Choláiste, nó cruinniú Boird a reáchtáil ann, agus deis a thabhairt d'ionadaithe ón Choláiste cur i láthair a dhéanamh don Bhord. Míníodh gurb iad oifigigh an fheidhmeannais a phléifeadh leis an litir maidir le ceist an iarratais ar mhaoiniú, agus gur cinneadh don Bhord é ceist na cuairte agus an chur i láthair. Aontaíodh go gcaithfí bheith cúramach gan stocaireacht a cheadú maidir le hiarratais ar mhaoiniú, nó gan cur isteach ar na próisis a bhaineann le hiarratais. Aontaíodh nach bpléifí le ceist an chuiridh maidir le cuairt ar Choláiste Feirste, nó cur i láthair uathu go mbeadh gach cuid den phróiseas maidir leis an iarratas curtha i gcrích, agus go gcoinneofaí an cuireadh ar taifead.

07.167 AON GHNÓ EILE

Ardaíodh ceist faoi na tuairiscí a chuirtear ar fáil do na ranna coimirce ar dhul chun cinn le tionscadal an fhoclóra Béarla-Gaeilge. Aontaíodh go ndéanfaí cinnte de go mbeadh an t-eolas sna tuairiscí a chuirtear chuig na ranna cothrom le dáta, agus go gcuirfí nóta isteach faoi shocruithe atá as dáta.

Cuireadh in iúl go mbeadh comhchruinniú ag Bord Údarás na Gaeltachta agus Bord Fhoras na Gaeilge ar siúl Dé hAoine an 2 Samhain ar 09.00 r.n., díreach roimh an cruinniú Boird. Míníodh go raibh moltaí le haghaidh chlár an chruinnithe pléite ag na Príomhfheidhmeannaigh agus na Cathaoirligh. Dearbhaíodh go mbeadh oifigigh an fheidhmeannais i láthair.

08.167 CUR I LÁTHAIR AR IARRATAIS AR LÍNE

Tháinig an Clárbhainisteoir Oideachais, J. Ó Coinne i láthair an chruinnithe agus rinne sé cur i láthair ar chóras déanta iarratais ar líne atá á bheartú do 2019/20, agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le J. Ó Coinne as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
2 Samhain 2018

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2018

		19/01/18	23/02/18	13/04/18	18/05/18	22/06/18	20/07/18	14/09/18	02/11/18	07/12/18
Pól Ó Gallchóir	7/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Seán Mícheál Ó Domhnaill	5/9	X	X	✓	✓	✓	✓	✓		
Gráinne McElwain	5/9	✓	✓	✓	X	X	✓	✓		
Bláthnaid Ní Chofaigh	5/9	✓	✓	✓	X	✓	X	✓		
Seán Ó hArgáin	5/9	✓	✓	X	X	✓	✓	✓		
Seán Ó Coistealbha	5/9	X	✓	✓	X	✓	✓	✓		
Conor McGuinness	7/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Barra Ó Muirí	4/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓		
Maighréad Ní Chonghaile	6/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓		
Mairéad Farrell	4/9	✓	X	✓	✓	✓	X	X		
Máire Ní Neachtain	6/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓		
Sorcha Ní Chéide	6/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓		
Niall Ó Gallochobhair	6/9	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓		

Miontuairiscí ón 168ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 2 Samhain 2018 in Óstán an Brehon, Cill Airne.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin agus S. Ní Chéide.

Leithscéal: S. M. Ó Domhnaill, N. Ó Gallchóir agus M. Farrell.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile.

Leithscéal: J Ó Labhraí

01.168 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 14 Meán Fómhair 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Iarradh go gcuirfí ar an taifead go raibh ceathrar comhaltaí as láthair nuair a glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird dar dáta 14 Meán Fómhair 2018.

Bhí plé ann faoi fhreastal Comhaltaí Boird ar chruinnithe, agus deacrachtaí ar leith a bhain le Comhalta a bheith ar fáil le haghaidh cruinnithe Boird le gairid. Tuairiscíodh go mbeadh an Cathaoirleach ag plé leis an cheist.

02.168 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh baol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir S. Ó hArgáin in iúl go raibh coimhlint leasa aige i dtaca le maoiniú na gCeanneagraíochtaí.

03.168 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord leis an mholadh maidir le ballraíocht an Fhóraim Forbartha Teanga **(Aguisín 1)**. Ghlac an Bord le hainmniúchán S. Ní Shíthigh ar an Choiste Téarmaíochta. Thug an Bord suntas don tuairisc trí mhí maidir le www.tearma.ie agus don tuairisc thréimhsiúil ar thionscadal an fhoclóra. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Dearbhúcháin do ráithe 3.

Fiosraíodh an bhféadfaí na ceardlanna eolais a cheangal le ceantair ar imeall na Gaeltachta, agus iad a dhéanamh i gcomhar le Comhairlí Contae. Iarradh eolas maidir leis an ócáid le Ruaigirí na Seamróige a chur ar fáil. Fiosraíodh an bhféadfaí eolas i leith pearsana spóirt le Gaeilge agus daoine atá saineolach ar spóirt éagsúla agus réimsí eile a chur ar fáil go poiblí mar bhunachar sonraí.

Glacadh le moltaí maidir leis an scéim Scríobh Leabhar agus tugadh ardmholadh don scéim. Moladh gur chóir teagmháil a bhunú leis na hOifigigh Forbartha Gaeilge sna hÚdaráis Áitiúla ó dheas agus teacht ar bhealach chun tacú leo ina gcuid oibre.

04.168 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE
Coiste na nDeontas
D'fhág S. Ó hArgáin agus B. Ní Chofaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa. Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 19 Deireadh Fómhair. Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le maoiniú do 2019 agus glacadh leis na moltaí sin:

Ainm Eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
Conradh na Gaeilge	1801038	€832,457	€832,457
Oireachtas na Gaeilge	1801036	€622,594	€622,594
Glór na nGael	1801039	€1,078,733	€1,078,615
Gael Linn	1801037	€650,183	€650,183
Gaeloideachas	1801040	€708,562	€708,562
Coláiste Ollscoile Naomh Muire do An tÁisaonad	1801042	£272,486	£272,486

D'fhill S. Ó hArgáin agus B. Ní Chofaigh ag an phointe seo.

Rinne an Coiste moladh faoin Scéim Irisí agus Nuachtán go gceadófaí síneadh conartha mar seo a leanas:

- 12 mí go 31 Nollaig 2019 de luach £68,700 do Rua Media ar mhaithe le *NÓS.ie*, a fhoilsiú,
- 12 mí go 31 Nollaig 2019 de luach €120,000 do Comhar Teo ar mhaithe le *Comhar* a fhoilsiú, agus
- 12 mí go 31 Nollaig 2019 de luach €298,492.48 ar mhaithe le *Tuairisc.ie* a fhoilsiú.

Glacadh leis an mholadh sin.

Tugadh eolas don Bhord faoi athbhreithniú ar an Scéim Irisí agus Nuachtáin agus faoi thaighde ar mhianta an phobail maidir le léitheoireacht. Nótáladh an leasú ar phróifíl buiséad Ghlór na nGael.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €832,457 a cheadú do Chonradh na Gaeilge, €622,594 d'Oireachtas na Gaeilge, €1,078,615 do Ghlór na nGael, €650,183 do Ghael Linn agus €708,562 do Ghaeloideachas.
- Chinn an Bord deontas de £272,486 a cheadú don Áisaonad.
- Chinn an Bord síneadh conarthaí de £68,700 do Rua Media ar mhaithe le *NÓS.ie,* €120,000 do Comhar Teo agus €298,492.48 ar mhaithe le *Tuairisc.ie*.

Coiste Forbartha
Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 22 Deireadh Fómhair. Cuireadh in iúl gur pléadh an dréachtphlean straitéiseach arís go mion, agus go ndearnadh roinnt leasuithe uirthi. Iarradh ar chomhaltaí a dtuairimí ina leith a chur chuig oifig an PF le linn na seachtaine.

Coiste Osradhairc
Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 22 Deireadh Fómhair. Míníodh gur pléadh táscairí feidhmíochta na Stiúrthóireachta Seirbhísí Corparáideacha, na litreacha ceapacháin do na coistí Boird agus cóiríocht oifige Bhéal Feirste.

Coiste Cholmcille
Thug Cathaoirleach Choiste Cholmcille tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 28 Meán Fómhair. Míníodh gur pléadh Dréacht-Straitéis Cholmcille 2019-2021 agus an tionscnamh ceiliúrtha do Naomh Cholmcille. Rinneadh tagairt don chuairt a thug toscaireacht as Albain go Tír Chonaill le déanaí. Fiosraíodh an bhféadfaí tuairisc a lorg ó Phríomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta maidir leis an chuairt. Rinneadh tagairt don chuairt a thug toscaireacht ó Bhord na Gàidhlig ar Fhoras na Gaeilge ar an 27/28 Meán Fómhair.

05.168 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR 2018
Pléadh an Ráiteas Caiteachais agus cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 30 Meán Fómhair 2018.

06.168 MOLADH MAIDIR LE CRUINNITHE BOIRD IN 2019
Pléadh moladh maidir le cruinnithe Boird in 2019 agus ghlac an Bord leis **(Aguisín 2).**

07.168 COMHFHREAGRAS
Níor pléadh aon ní faoin mhír seo.

08.168 AON GHNÓ EILE
Fiosraíodh na cúiseanna a raibh an t-ainm atá ar fhéile Oireachtas na Gaeilge "Oireachtas na Samhna" athraithe ó "Oireachtas na Gaeilge".

Moladh go mbunófaí comhchoiste idir comhaltaí Boird Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta chun féidearthachtaí comhoibrithe a phlé. Aontaíodh go bpléifí an cheist mar chuid den chaibidil idir an dá Chathaoirleach agus an dá Phríomhfheidhmeannach ar na nithe a tháinig chun cinn sa chomhchruinniú idir an dá Bhord.

D'fhág B. Ní Chofaigh an cruinniú ag an phointe seo.

09.168 CUR I LÁTHAIR AR THIONSCADAL AN FHOCLÓRA
Tháinig J. Ó Labhraí i láthair tríd an chóras Skype.

Tháinig C. Convery, Bainisteoir Tionscadail, agus P. Ó Mianáin, Eagarthóir Foclóireachta, i láthair an chruinnithe, rinne siad cur i láthair ar thionscadal an fhoclóra agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le C. Convery agus P. Ó Mianáin as an chur i láthair agus d'fhág siad an cruinniú. Fiosraíodh an bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna le moladh go gcuirfí cóip amháin den fhoclóir clóite ar fáil do gach scoil.

10.168 SEISIÚN COMHAIRLIÚCHÁIN AR AN ATHBHREITHNIÚ AR AN CHUR CHUIGE COMHPHÁIRTÍOCHTA

D'fhág S. Ó hArgáin an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.

Tugadh uasdátú ar an athbhreithniú ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta agus bhí plé ina leith. Tugadh deis do na comhaltaí ceisteanna a chur agus tuairimí a léiriú.

Léiríodh tuairimí i leith:

- Rátaí tuarastail
- An cóimheas idir costais reatha agus gníomhaíochtaí
- Córais le feidhmíocht ceannasaithe a mheas
- An ceangal idir fís agus spriocanna Fhoras na Gaeilge agus cláir oibre na gCeanneagraíochtaí
- Ceist na dúblála
- Fiosraíodh an bhféadfaí cuireadh a thabhairt don sainchomhairleoir Pleanála Teanga, atá ag plé leis an luacháil a theacht i láthair ag cruinniú Boird chun a chuid tuairimí agus smaointe a phlé.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
7 Nollaig 2018

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2018

		19/01/18	23/02/18	13/04/18	18/05/18	22/06/18	20/07/18	14/09/18	02/11/18	07/12/18
Pól Ó Gallchóir	8/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Seán Mícheál Ó Domhnaill	5/9	X	X	✓	✓	✓	✓	✓	X	
Gráinne McElwain	6/9	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	
Bláthnaid Ní Chofaigh	6/9	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	✓	
Seán Ó hArgáin	6/9	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	
Seán Ó Coistealbha	6/9	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	
Conor McGuinness	8/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Barra Ó Muirí	5/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	
Maighréad Ní Chonghaile	7/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Mairéad Farrell	4/9	✓	X	✓	✓	✓	X	X	X	
Máire Ní Neachtain	7/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	
Sorcha Ní Chéide	7/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Niall Ó Gallochobhair	6/9	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	

Aguisín 1

Moladh maidir le ballraíocht an Fhóraim Forbartha Teanga

Ainm	Eagraíocht	Dlínse	Tréimhse
Baill Reatha			
1. Siuán Ní Mhaonaigh,	**Cathaoirleach**	**Ó Dheas**	**31 12 20**
2. Tadhg Mac Dhonnagáin	Futa Fata	Ó Dheas	31 12 20
3. Ógie Ó Céilleachair	Na hEalaíona	Ó Dheas	31 12 20
4. Séamus Mac Dhaibhéid	Gaeláras Mhic Ardghail	Ó Thuaidh	31 12 20
5. Joe Ó Dochartaigh	An Carn/Club Óige Luraigh	Ó Thuaidh	31 12 20
6. Darach Ó Scolaí	Leabhar Breac	Ó Dheas	31 12 20
7. Deirdre Nic Mhathúna	Fiontar, DCU	Ó Dheas	31 12 20
8. Noel Ó Gallchóir	Cumann Ghort a' Choirce	Ó Dheas	31 12 20
9. Caitlin Uí Chochláin	Líonra Leitir Ceanainn	Ó Dheas	31 12 20
10.Malachy O'Neill	Ollscoil Uladh	Ó Thuaidh	31 12 20
Baill Nua			
11.Briain Ó Gaibhín	Muintir Chrónáin	Ó Dheas	31 12 22
12.Caroline Ní Nualláin	Cumann Gaelach na hEaglaise	Ó Thuaidh	31 12 22
13.Darach Ó Tuairisc	Fíbín Teo.	Ó Dheas	31 12 22
14.Orlagh Ní Néill	Naíscoil na Caille	Ó Thuaidh	31 12 22
15.Caitríona Breathnach	Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach	Ó Dheas	31 12 22
16.Fíona Ní Chnáimhsí	Bord Oideachas agus Oiliúna Dhún na nGall	Ó Dheas	31 12 22
17.Séamus Ó Rocháin	Scoil Samhraidh Willie Clancy	Ó Dheas	31 12 22
18.Deirdre Donnelly	Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Rath an Dúin	Ó Dheas	31 12 22

Aguisín 2

Moladh maidir le cruinnithe Boird in 2019

Dé hAoine 18 Eanáir	**Baile Átha Cliath**
Dé hAoine 22 Feabhra	**Béal Feirste**
Dé hAoine 12 Aibreán	**Baile Átha Cliath/Dún Seachlainn**
Dé hAoine 17 Bealtaine	**Béal Feirste**
Dé hAoine 21 Meitheamh	**Baile Átha Cliath/Gaeltacht na Rinne**
Dé hAoine 26 Iúil	**Béal Feirste**
Dé hAoine 13 Meán Fómhair	**Baile Átha Cliath**
Dé hAoine 1 Samhain	**Óstán City West (Oireachtas na Gaeilge)**
Dé hAoine 6 Nollaig	**Béal Feirste**

Miontuairiscí ón 169ú cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 7 Nollaig 2018 in oifigí Fhoras na Gaeilge, Béal Feirste.

I láthair: P. Ó Gallchóir (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), S. M. Ó Domhnaill, G. McElwain, B. Ní Chofaigh, M. Ní Chonghaile, C. McGuinness, M. Ní Neachtain, S. Ó Coistealbha, S. Ó hArgáin, N. Ó Gallchóir, M. Farrell agus S. Ní Chéide.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), J. Ó Labhraí, S. Ó hEidhin agus S. Uí Choinne.

01.169 MIONTUAIRISCÍ AGUS NITHE AG ÉIRÍ ASTU

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 2 Samhain 2018 agus shínigh an Cathaoirleach iad. Ardaíodh ceist faoi chuid de na ceardlanna feasachta a bheith i gceantair ar imeall na Gaeltachta, mar ardaíodh cheana féin. Míníodh go raibh ionad na gceardlann socraithe cheana féin, ach go gcuirfí na ceantair ar imeall na Gaeltachta san áireamh nuair a bheifí ag tabhairt faoi chúrsaí feasachta arís. Ardaíodh ceist faoin tuairisc ar scéimeanna na meán clóite Gaeilge, agus fiosraíodh a bhféadfaí dréacht a chur ar fáil don Bhord, agus an leagan deiridh a chur ar fáil nuair a bheadh sé faoi réir. Cuireadh ceist cén uair a mbeadh an tuairisc ar an athbhreithniú ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta réidh. Míníodh go mbeadh dréacht le plé ag an Choiste Forbartha sa bhliain úr, agus le plé ag an Bhord ina dhiaidh sin. Iarradh a nótáil sna miontuairiscí go raibh plé ag an Bhord faoi obair na gCeanneagraíochtaí ó thuaidh agus faoin eolas a bhí ag an phobal ó thuaidh ina leith. Ardaíodh ceist faoi ainm Oireachtas na Samhna agus míníodh gur pléadh an cheist leo. Iarradh uasdátú faoin chruinniú idir Boird Fhoras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta. Míníodh go mbeadh an bheirt Phríomhfheidhmeannach agus an bheirt Chathaoirleach ag teacht le chéile go luath sa bhliain úr.

02.169 COIMHLINT LEASA

Chuir an Cathaoirleach ceist ar an Bhord an raibh baol coimhlint leasa le nochtadh ag aon duine. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh coimhlint leasa aige féin i dtaca le Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta. Cuireadh in iúl go raibh coimhlint leasa ag S. Ó hArgáin i dtaca le maoiniú na gCeanneagraíochtaí.

03.169 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith. Rinneadh tagairt don oiliúint atá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a eagrú do na heagraíochtaí faoina gcoimirce i dtaca le tromaíocht agus rialachas corparáideach. Míníodh go raibh an oiliúint déanta ag an fhoireann ardbhainistíochta, agus go mbeadh an oiliúint sin le cur ar fáil don Bhord sa bhliain úr. Míníodh gur i mBéarla a bheadh an oiliúint, ach go mbeadh aistriúchán comhuaineach ar fáil. Ghlac an Bord le hainmniúchán an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, E. Ní Chorráin, ar Bhord na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe agus ar Bhord na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Rinneadh tagairt do Thuairisc Taighde ar Úsáid na Gaeilge ar an Raidió de chuid J. Walsh agus P. Fogarty, OÉG agus & R.

Day, Coláiste Mhuire gan Smál, OL agus iarradh ar an fheidhmeannas cruinniú a lorg leis na húdair chun an tuairisc a phlé.
Bhí plé cuimsitheach ar an tuairisc agus léiríodh imní go raibh Foras na Gaeilge i muinín taighde ó institiúidí eile le monatóireacht a dhéanamh ar fhorais eile stáit i leith chomhlíonadh a ndualgas ó thaobh na Gaeilge de.

04.169 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE
Coiste na nDeontas
D'fhág S. Ó hArgáin agus B. Ní Chofaigh an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlint leasa.
Thug Cathaoirleach Choiste na nDeontas tuairisc ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 23 Samhain. Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná €745,136 a cheadú do Chumann na bhFiann. Phléigh an Bord an moladh go mion agus léiríodh imní ina leith. Léirigh roinnt comhaltaí imní faoin trédhearcacht idir gnó Cumann na bhFiann agus Coláiste na bhFiann, agus na himpleachtaí aige sin do mhaoiniú Fhoras na Gaeilge. Míníodh go raibh obair ar siúl ag 4 cinn de na 6 Cheanneagraíocht nár bhain le maoiniú Fhoras na Gaeilge, agus go raibh foinsí eile maoinithe i gceist. Míníodh go raibh luach ar airgead mhaoiniú na gCeanneagraíochtaí bunaithe ar na mór-réimsí agus na feidhmeanna a bhí aontaithe leo sna litreacha tairisceana. Léirigh roinnt comhaltaí imní nach raibh go leor eolais ag an Bhord maidir leis an obair a dhéanann Cumann na bhFiann, agus dá bharr sin, go raibh siad amhrasach faoi ról na heagraíochta. Míníodh go raibh gach eolas sa Tuairisc ar Mheasúnú a cuireadh ar fáil sna cáipéisí Boird, i dtaca leis na feidhmeanna a raibh maoiniú Fhoras na Gaeilge bunaithe orthu. Míníodh go raibh marcanna arda faighte ag Cumann na bhFiann sa mheasúnú a rinne na feidhmeannaigh a bhíonn ag plé leo ó mhí go mí, gur raibh mionscrúdú déanta ar an Tuairisc ar Mheasúnú sin ag Clárbhainisteoir agus ina dhiaidh sin ag an fhoireann Ardbhainistíochta, agus ag Coiste na nDeontas, sular tháinig an Tuairisc ar Mheasúnú chuig an Bhord mar mholadh. Míníodh go gcuirtear tuairiscí ar fheidhmíocht bunaithe ar an phlean bliana faoi bhráid Fhoras na Gaeilge gach ráithe, lena léiriú go bhfuil siad ag cur na bhfeidhmeanna sin i gcrích, agus go mbíonn cruinnithe monatóireachta ag Foras na Gaeilge le Príomhfheidhmeannach Chumann na bhFiann leis na tuairiscí sin a phlé. Míníodh fosta go bhfaigheann Foras na Gaeilge tuairiscí ar chaiteachas ar bhonn míosúil. Ghlac an Bord leis an mholadh deontas nach mó ná €745,136 a cheadú do Chumann na bhFiann ar an choinníoll go gcuirfeadh Cumann na bhFiann tuairiscí míosúla ar fáil do Choiste na nDeontas lena léiriú go bhfuil coinníollacha an deontais á gcomhlíonadh, agus go gcuirfí tuairisc i láthair an Bhoird ag cruinniú Boird mhí an Mheithimh.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Cumann na bhFiann	1801041	€745,136	€745,136

Ghlac an Coiste leis an mholadh deontas nach mó ná €120,000 a cheadú do Ghael Linn don togra Gaelbhratach agus ghlac an Bord leis sin.

Ainm Eagrais	**Uimhir thag.**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Gael Linn	1801044	€120,000	€120,000

D'fhill S. Ó hArgáin agus B. Ní Chofaigh ag an phointe seo.

Thug an Bord suntas don leasú buiséid do Ghaeloideachas, do Naíscoil na Caille, agus do nóta eolais faoin Ghaelbhratach.

D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú mar gheall ar bhaol coimhlintí leasa agus chuaigh B. Ó Muirí sa chathaoir.

Rinne an Coiste moladh síneadh bliana a thabhairt do na heagraíochtaí reatha faoi Scéim na Scoláireachta Gaeltachta agus ghlac an Bord leis sin.

Eagraíocht	Méid	Réimse
Conradh na Gaeilge	€38,541	Scoláirí faoi 16: Dírithe ar Thuaisceart Éireann amháin
Gael Linn	€28,305	Scoláirí faoi 16: Dírithe ar Thuaisceart Éireann amháin & Daoine fásta: Dírithe ar an tír ina hiomláine
Cumann na bhFiann	€3,678	Scoláirí faoi 16: Dírithe ar Thuaisceart Éireann amháin
Cumann an Phiarsaigh	€10,000	Teaghlaigh: Dírithe ar an tír ina hiomláine

D'fhill an Cathaoirleach ag an phointe seo agus chuaigh sé sa chathaoir arís.

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £10,500 a chur ar fáil do Chlub Óige Luraigh faoi Scéim Cholmcille agus ghlac an Bord leis sin.

Ainm Eagrais	Uimhir thag.	Méid lorgtha	Méid molta
Club Óige Luraigh	CC18021	£10,500	€10,500

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná £648,000 a chur ar fáil do Raidió Fáilte thar thréimhse trí bliana ó Eanáir 2019 go Nollaig 2021 faoin Scéim Raidió Pobail agus ghlac an Bord leis sin.

Ainm Eagrais	Uimhir thag.	Méid lorgtha	Méid molta
Raidió Fáilte	1801031	£648,000	£648,000

Rinne an Coiste moladh deontas nach mó ná €720,000 a chur ar fáil do Raidió na Life thar thréimhse trí bliana ó Eanáir 2019 go Nollaig 2021 faoin Scéim Raidió Pobail agus ghlac an Bord leis sin.

Ainm Eagrais	Uimhir thag.	Méid lorgtha	Méid molta
Raidió na Life	1801030	€720,000	€720,000

Mhol an Coiste na critéir do Scéim na Mór-imeachtaí Ealaíon 2019 agus ghlac an Bord leo. Thug an Bord suntas don pháipéar faoin athdháileadh.

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na dTionscadal Litríochta 2019 agus glacadh leis na moltaí sin:

Ainm eagrais	Uimhir thagartha	Méid lorgtha	Méid molta
IMRAM	CLG182.07	€40,184	€40,000
Gaelchultúr/Clubleabhar.com	CLG182.06	€42,946.42	€25,000

Móinín	CLG182.08	€9,000	€9,000
Oidhreacht Chorca Dhuibhne	CLG182.11	€1,000	€1,000
Áras Scríbhneoirí na hÉireann	CLG182.09	€12,790	€7,940
Roinn na Gaeilge, OÉG	CLG182.04	€2,795	€2,195
Éigse Éireann	CLG182.05	€13,800	€8,500
Ó Bhéal	CLG182.01	€3,120	€2,800
Coláiste na Tríonóide	CLG182.02	€57,946.39	€2,920.06
Young at Art	CLG182.03	€3,850.11	€3,649.53

Rinne an Coiste na moltaí seo a leanas i dtaca le Scéim na Foilsitheoireachta 2019 agus glacadh leis na moltaí sin:

Ainm eagrais	**Uimhir thagartha**	**Méid lorgtha**	**Méid molta**
Cois Life	CLG181.01	€115,867	€103,368
Cló Iar-Chonnacht	CLG181.03	€272,493	€169,500
Futa Fata	CLG181.08	€192,796	€83,081
Leabhar Breac	CLG181.05	€106,788.04	€64,000
Foilseacháin Ábhair Spioradálta	CLG181.02	€25,756.50	€20,025
Arlen House	CLG181.14	€38,200	€13,700
LeabhairCOMHAR	CLG181.06	€79,900	€32,000
An Sagart	CLG181.09	€70,150	€28,500
An tSnáthaid Mhór	CLG181.11	€74,837.84	€16,500
Éabhlóid	CLG181.04	€52,978	€20,400
Coiscéim	CLG181.10	€172,915	€110,500

Ghabh É. Ó hArgáin buíochas le baill Choiste na nDeontas as freastal ar 9 gcruinniú i mbliana.

Cinntí:

- Chinn an Bord deontas de €745,136 a cheadú do Chumann na bhFiann.
- Chinn an Bord deontas de €120,000 a cheadú don Ghaelbhratach.
- Chinn an Bord deontas de €80,524 a cheadú do Scéim na Scoláireachta Gaeltachta.
- Chinn an Bord deontas de £10,500 a cheadú do Chlub Óige Luraigh.
- Chinn an Bord deontas de €720,000 a chur ar fáil do Raidió na Life agus £648,000 a chur ar fáil do Raidió Fáilte.
- Chinn an Bord deontas de €103,005 a chur ar fáil do Scéim na dTionscadal Litríochta 2019 agus €674,574 do Scéim na Foilsitheoireachta 2019.

An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an chruinniú ar an 26 Samhain. Míníodh gur pléadh an clár rioscaí, an ráiteas dearbhúcháin, na litreacha ceapacháin, SWiFT 3000 agus tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh faoi íocaíochtaí leictreonacha.

Cinntí

- Ghlac an Bord leis an Chlár Rioscaí agus leis an Ráiteas Dearbhúcháin.

An Coiste Osradhairc
Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 21 Samhain. Míníodh gur pléadh táscairí ardleibhéil feidhmíochta na Stiúrthóireachta Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta agus na litreacha ceapacháin do na coistí éagsúla Boird, agus tuairiscí ar tháscairí ardleibhéil feidhmíochta na Stiúrthóireachtaí Seirbhísí Oideachais, Seirbhísí Forbartha agus Seirbhísí Corparáideacha.

Coiste Cholmcille
Thug Cathaoirleach Choiste Cholmcille tuairisc ar na nithe a pléadh ag cruinniú an 28 Meán Fómhair ag ar pléadh Dréacht-Straitéis Cholmcille 2019-2021. Tugadh moladh don fheidhm-eannas as an obair ar fad in ullmhú na straitéise. Ghlac an Bord le Straitéis Cholmcille 2019-2021. Ritheadh rún comhbhróin le clann Seamus Watson a fuair bás le déanaí.

05.169 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2018
Scaipeadh cóip den cháipéis a léirigh an staid reatha ó thaobh airgeadais de agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go rabhthas ar sprioc ó thaobh caiteachais de. Ghlac an Bord leis an ráiteas caiteachais agus leis an bhuiséad athbhreithnithe go 31 Nollaig 2018. Thug an Bord cead don Chathaoirleach, i gcomhair leis an Phríomhfheidhmeannach, deontais a cheadú agus athruithe a cheadú ar an bhuiséad athbhreithnithe thar ceann an Bhoird, san idirthréimhse go dtí an chéad chruinniú Boird eile.

06.169 SÍNIÚ CHUNTAIS 2017 AN FHORAIS TEANGA
Cuireadh in iúl go raibh cuntais 2017 don Fhoras Teanga réidh le síniú agus thug an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach iad a shíniú.

07.169 COMHFHREAGRAS
Cuireadh in iúl go raibh comhfhreagras faighte ó Fhéile Bia Iarthar Phort Láirge ag tabhairt cuiridh don Bhord cruinniú Boird a reáchtáil ansin le linn na féile. Moladh cruinniú Boird Bhealtaine a bhogadh ó Bhéal Feirste go Ráth Chairn.

Ardaíodh ceist faoin chomhfhreagras a cuireadh díreach chuig seoltaí ríomhphoist Comhaltaí Boird ag cur cuiridh orthu chuig cruinniú a reáchtáil Coiste Chumann Chluain Árd i mBéal Feirste ar 5 Nollaig faoi Fhoras na Gaeilge. Chuir M. Ní Chonghaile in iúl go raibh sí féin i láthair agus gur cruinniú dearfach a bhí ann. Cuireadh in iúl don Bhord go raibh comhfhreagras faighte ó Stiúrthóirí Tuairisc Beo Teoranta agus go mbeidh an feidhmeannas ag plé leis.

08.169 AON GHNÓ EILE
Chuir Cathaoirleach an Choiste Forbartha in iúl gur cuireadh an cruinniú deireanach den Choiste ar ceal toisc nach raibh an dréacht leasaithe den Straitéis 5 bliana réidh, agus léirigh sí díomá ina leith sin. D'iarr baill den choiste go n-athrófaí dáta an chruinnithe go dtí an 7 Eanáir.

09.169 CUR I LÁTHAIR ÓN ÁISAONAD
Tháinig C. Ó Pronntaigh, Bainisteoir an Áisaonaid, i láthair an chruinnithe, rinne sé cur i láthair ar obair an Áisaonaid agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le C. Ó Pronntaigh as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú.

10.169 CUR I LÁTHAIR Ó ALTRAM

Tháinig Á. Andrews, Cathaoirleach Altram, i láthair an chruinnithe, rinne sí cur i láthair ar obair Altram agus bhí plé ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le Á. Andrews as an chur i láthair agus d'fhág sí an cruinniú.

_____

Pól Ó Gallchóir
Cathaoirleach
18 Eanáir 2019

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2018

		19/01/18	23/02/18	13/04/18	18/05/18	22/06/18	20/07/18	14/09/18	02/11/18	07/12/18
Pól Ó Gallchóir	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Mícheál Ó Domhnaill	6/9	X	X	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Gráinne McElwain	7/9	✓	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓
Bláthnaid Ní Chofaigh	7/9	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	✓	✓
Seán Ó hArgáin	7/9	✓	✓	X	X	✓	✓	✓	✓	✓
Seán Ó Coistealbha	7/9	X	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Conor McGuinness	9/9	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	6/9	✓	✓	X	X	✓	X	✓	✓	✓
Maighréad Ní Chonghaile	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Mairéad Farrell	5/9	✓	X	✓	✓	✓	X	X	X	✓
Máire Ní Neachtain	8/9	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéide	8/9	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	7/9	X	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓